





# Tuarascáil Bhliantúil Forfás 2004

04

Forfás

Is é Forfás an Bord Comhairleach agus Polasaí Náisiúnta do Fhiontar, Thrádáil, Eolaíocht, Theicneolaíocht agus Nuálaíocht

# Is é Forfás an bord comhairleach agus polasaí náisiúnta do fhiontar, thráchtáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht.

## Don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

De bhun an Achta um Fhorbairt Tionscail, 1993, tá a thurascáil agus a chuntais don bhlian dar chríoch 31 Nollaig, 2004 á, a dtíolacadh anseo ag Forfás.


## To the Minister for Enterprise, Trade and Employment

Pursuant to the Industrial Development Act, 1993, Forfás herewith presents its report and accounts for the year ended 31 December 2004.

**Martin Cronin**
*Príomh Fheidhmeannach*

**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*

# **Forfás,** a Shiúr-Ghníomhaireachtaí agus Comhairlí Comhairleacha



An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

COMHAIRLÍ COMHAIRLEACHA

National Competitiveness Council

Expert Group on Future Skills Needs

ACSTI Ireland

Tuairiscíonn an NCC don Taoiseach ar Phríomh Shaincheisteanna Iomaíochta

Department of the Taoiseach
*Roinn an Taoisigh*

Tá an EGFSN freagrach don Aire Oideachais agus Eolaíochta chomh maith

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science

Chief Science Adviser to the Government

Coiste Comh-aireachta ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht

# Feidhmeanna

Is é Forfás an bord comhairleach agus polasaí náisiúnta do fhiontar, thráchtáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht. Is é an comhlacht ina bhfuil cumhacht dlíthiúil an Stáit dílsithe i leith tionscail a chur chun cinn agus forbairt teicneolaíochta. Is é an comhlacht freisin trína thiomnaítear cumhachtaí go Enterprise Ireland chun tionscal dúchais a chur chun cinn agus do IDA Ireland chun infheistíocht isteach a chur chun cinn. Bunaíodh Science Foundation Ireland mar thríú gníomhaireacht de Forfás in Iúil 2003. Is iad na feidhmeanna leathana de Forfás ná chun:

- comhairle a thabhairt don Aire ó thaobh cúrsaí a bhaineann le forbairt tionscail sa Stát;
- comhairle a thabhairt maidir leis an bhforbairt agus an gcomhordú de pholasaí do Enterprise Ireland, IDA Ireland, Science Foundation Ireland agus d'aon chomhlacht eile dá leithéid (bunaithe nó faoi reacht) mar a d'fhéadfadh an tAire a thiomnú de réir ordaithe;
- an fhorbairt de thionscal, theicneolaíocht, mhargaíocht agus acmhainní daonna a spreagadh sa Stát;
- an bunú agus an fhorbairt sa Stát de ghnóthais tionsclaíochta a spreagadh ó áiteanna lasmuigh den Stát; agus
- Enterprise Ireland, IDA Ireland agus Science Foundation Ireland a chomhairliú agus a chomhordú maidir lena bhfeidhmeanna.

# Functions

Forfás is the national policy and advisory board for enterprise, trade, science, technology and innovation. It is the body in which the State's legal power for industrial promotion and technological development have been vested. It is also the body through which powers are delegated to Enterprise Ireland for the promotion of indigenous industry and to IDA Ireland for the promotion of inward investment. Science Foundation Ireland was established as a third agency of Forfás in July 2003. The broad functions of Forfás are to:

- advise the Minister on matters relating to the development of industry in the State;
- advise on the development and co-ordination of policy for Enterprise Ireland, IDA Ireland, Science Foundation Ireland and such other bodies (established or under statute) as the Minister may by order designate;
- encourage the development of industry, technology, marketing and human resources in the State;
- encourage the establishment and development in the State of industrial undertakings from outside the State; and
- advise and co-ordinate Enterprise Ireland, IDA Ireland and Science Foundation Ireland in relation to their functions.

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Baill Bhord Forfás | 6 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 7 |
| Tuarascáil an Phríomh Fheidhmeannaigh | 11 |
| Forbhreathnú Staitistiúil | 15 |
| Gníomhaíochtaí i 2004 | 23 |
| The Irish National Accreditation Board | 47 |
| Dualgais Reachtúla | 49 |
| Comhairlí Comhairleacha agus Struchtúr Bainistíochta Forfás | 51 |
| Foilseacháin – 2004/2005 | 59 |
| Ráitis Airgeadais | 61 |

# Baill Bhord Forfás


1


2


3


4


5


6


7


8


9


10


11


12


13


14

1 **Eoin O'Driscoll, Cathaoirleach**
Stiúrthóir Bainistíochta, Aderra

2 **Martin Cronin**
Príomh Fheidhmeannach, Forfás

3 **Sean Dorgan**
Príomh Fheidhmeannach, IDA Ireland

4 **Sean Gorman**[1]
Ard-Rúnaí,
An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

5 **Dr William Harris**
Ard-Stiúrthóir,
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

6 **Prof. Michael Hillery**
Ollamh Innealtóireachta Emeritus,
Ollscoil Luimnigh

7 **Rosheen McGuckian**[2]
Príomh Oifigeach Feidhmiúcháin, GE Money

8 **Rody Molloy**
Ard-Stiúrthóir, FÁS

9 **William Murphy**
Páirtí,
Tynan Dillon and Company

10 **Feargal O'Rourke**
Páirtí, Cánachas,
PricewaterhouseCoopers

11 **Frank Ryan**
Príomh Fheidhmeannach,
Enterprise Ireland

12 **Dr Don Thornhill**
Cathaoirleach,
National Competitiveness Council

13 **Jane Williams**
Stiúrthóir Bainistíochta, The Sia Group

14 **Michael O'Leary**
Rúnaí don Choiste

**Peter Cassells - d'éirigh sé as in Aibreán 2004**

**Paul Haran - d'éirigh sé as i nDeireadh Fómhair 2004**

**Toni Wall - d'éirigh sé as i Nollaig 2004**

## Coiste Iniúchta Forfás

9 **William Murphy, Cathaoirleach**

1 **Eoin O'Driscoll**

6 **Ollamh Michael Hillery**

13 **Jane Williams**

14 **Michael O'Leary** Rúnaí don Choiste

*1 Sean Gorman - ceaptha i Samhain 2004*

*2 Rosheen McGuckian - ceaptha in Aibreán 2005*

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Eoin O'Driscoll**
Cathaoirleach

D'fhonn fanacht ar thús cadhnaíochta trádála agus iomaíochais idirnáisiúnta, caithfidh Éire tiomantas uathúil a thaispeáint do thimpeallacht fabhrach do ghnó a chur chun cinn.

Mar a shroichimid lárphointe an chéid seo, tá Éire bunaithe go buan mar gheilleagar ardfheidhmíochta. Tá soirbhíochas ginearálta le braith go forleathan, de bharr leibhéil dhífhostaíochta ísle i gcomhthéacs stairiúil, caighdeáin mhaireachtála ardaithe agus réamhaisnéisí de fhairsingiú geilleagrach coinnithe.

Maíonn Éire inniu geilleagar tonnchreathach, lucht oibre óg, feasach faoi theicneolaíocht agus naisc bhuana don timpeallacht ghnó domhanda trí phobal ilnáisiúnta rathúil agus earnáil dúchasach atá ag forbairt.

Ní chóir dúinn a bheith neamhchúiseach. Táirgeann athruithe bunúsacha i nádúr na fiontraíochta domhanda deiseanna suntasacha nua ach tugann siad dúshláin iomaíocha suntasacha chomh maith. Chun fanacht ar thús cadhnaíochta na trádála agus iomaíochais idirnáisiúnta, caithfidh Éire tiomantas uathúil a thaispeáint do thimpeallacht fabhrach do ghnó a chur chun cinn, agus infheistíocht a dhíriú ar thógáil agus athneartú ceantair bhuntáiste iomaíoch.

Chuige seo, cuirim fáilte roimh an bhfógra ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i bhFeabhra 2005 de Phlean Gníomhaíochta Fiontraíochta, ag imlíniú gníomhaíochtaí agus sprioc-amanna chun éifeacht a thabhairt do mholtaí ó thuarascáil an Enterprise Strategy Group; Ahead of the Curve, a foilsíodh in Iúil 2004 agus lena sholáthair Forfás taighde agus tacaíocht rúnaíochta.

## Fiontraíocht - Ag Croílár Déanamh-Polasaí Eacnamaíoch

Chuir an Enterprise Strategy Group (ESG), a bhí sé mar phribhléid agam a bheith mar chathaoirleach air, anailís de shuíomh iomaíoch na hÉireann i láthair, a d'aithin sraith de na príomh láidreachtaí sa gheilleagar, fad is a léirigh sé ceantair chriticiúla le haghaidh gníomhaíochta. Cuireadh béim uileghabhálach ar shaincheisteanna fiontraíochta a choinneáil ag croílár pholasaí poiblí agus ar an gcomhrá láidir a choinneáil idir an Stát, tionscal agus páirtithe sóisialta, a lig d'Éire freagairt ar dhúshláin domhanda lena leithéid de rath.

Ina mheasúnú de thimpeallacht iomaíoch an lae inniu, d'iarr an tuarascáil GSF ar athcothromú de phróifíl cumais fhiontar in Éirinn. Dearscnaíonn an tír seo go traidisiúnta i ndéantúsaíocht agus oibríochtaí, go háirithe ag freastal ar riachtanais na hearnála ilnáisiúnta, ach tá sé seo go minic gan chaidreamh a fhorbairt le custaiméirí agus gan a bheith rannpháirteach sa cheapadh agus dearadh de na táirgí déanta anseo.

Tá líon geilleagair atá ag fás go tapaigh in iomaíocht anois do ghníomhaíochtaí déantúsaíochta, agus bhraith Éire ísliú comhfhreagrach sna codanna is goilliúnaí ó thaobh an chostais de dá hearnáil táirgeachta. Chun ábharthacht a chothú i dtírdhreach iomaíoch atá ag athrú go tapaigh, teastaíonn athbhreithniú ar ár gcumais.

Léiríonn an tuarascáil ESG go dtéarnóidh rathúnas sa todhchaí i ngeilleagair aibí ón bhforbairt agus ón drochíde de smaointí agus eolas sa tóir ar tháirgí agus seirbhísí ard-luacha nua. Beidh tuiscint imleor de riachtanais an chustaiméara bunúsach chun an t-eolas seo a dhíriú i slite a fhreagraíonn d'éilimh mhargaidh. I bhfocal eile, beidh fás eacnamaíochta todhchaíochta tiomáinte ag tuiscint ar riachtanais an chustaiméara agus trí theicneolaíocht agus eolas a úsáid chun iad a shásamh.

Ba chóir go neartódh Éire a bhunachar eolais mar sin, trí chumas i dtaighde agus i bhforbairt a thógáil, agus a gaoil le custaiméirí a bhreisiú, trí dhíriú ar mhargaíocht agus ghníomhaíochtaí agus chumais díolacháin. D'fhéadfadh go dtairgeadh an t-athneartú de na pobail déantúsaíochta agus trádáilte go hidirnáisiúnta, leis na cumais comhlántacha seo, deis d'Éire chun é féin a leabú ar fud na slabhraí soláthair domhanda agus chun éirí mar tobar buan de chruthú-luacha i ngnó idirnáisiúnta.

**Chun ábharthacht a chothú i dtírdhreach iomaíoch ag athrú go tapaigh, teastaíonn athbhreithniú ar ár gcumais.**

Taobh le na hidirghabhálacha sprice seo chun áiteanna sainiúla de bhuntáiste iomaíoch d'Éire a neartú, léirigh an tuarascáil ESG freisin an riachtanas leanúnach chun díriú ar dhul chun cinn i leith oideachais, bonneagair, costais agus fiontraíochta mar choinníollacha bunúsacha ginearálta do thimpeallacht ghnó iomaíoch sa 21ú céad.

Leantar ar obair a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt do a lán de na moltaí sin formhuinithe ag an Rialtas. Tá fáilte roimh an bhfógra go ndéanfaidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta tuairisciú dhá uair in aghaidh na bliana don Chomh-aireacht ar chur i bhfeidhm na tuarascála ESG. Tá an dearbhú go mbuailfidh sé le Sainghrúpa, atá déanta suas de cheathrar figiúirí sinsearacha ón earnáil fiontraíochta agus de Ard-Rúnaithe Roinne ábhartha, spreagúil ar an gcuma chéanna, agus léireoidh a thuarascáil dearcaidh an Ghrúpa sin. Beidh an fheidhmiú éifeachtach den chomhlacht seo géibheannach má tá aidhmeanna sainithe na tuarascála ESG le bheith bainte amach. Tá freagra Enterprise Ireland ar an bPlean Gníomhaíochta Fiontraíochta spreagúil chomh maith, imlínithe in Ag Claochlú Tionscail in Éirinn - Straitéis Enterprise Ireland 2005 - 2007, atá mar chéim suntasach eile i dtreo an seachadta de na moltaí sa tuarascáil ESG.

## Eolas - Ár n-Acmhainn Is Tábhachtaí

Sa ré eolais, tá éifeacht an pholasaí fiontraíochta nasctha go dlúth le bealaí náisiúnta go forbairt eolaíochta agus teicneolaíochta. Is samplaí láidre iad araon an cruthú de Science Foundation Ireland agus an maoiniú suntasach curtha ar fáil do chlár oibre taighde na hÉireann tríd an bPlean Forbartha Náisiúnta is déanaí, de tiomantas an Stáit chun Éire a bhunú mar gheilleagar eolais incothaithe. Bhí Forfás, trína chuid taighde agus a thacaíocht riarthach don Irish Council for Science, Technology and Innovation (ICSTI) gníomhach le linn 2004 ag cur an díospóireacht náisiúnta ar an eolas ina leith seo.

Rinneadh dul chun cinn suntasach i rith 2004 ag cur na struchtúir nua in áit chun straitéis chomhtháite a dhaingniú dár infheistíocht eolaíochta agus teicneolaíochta náisiúnta. Cabhróidh an ceapachán den Phríomh Chomhairleora Eolaíochta don Rialtas, an cinneadh chun Coiste Idir-Rannach a bhunú agus Choiste Comh-aireachta ar Eolaíocht agus Theicneolaíocht, chomh maith leis an gceapachán den Advisory Council on Science, Technology & Innovation (mar chomharba ar ICSTI), linn chun cruinneas polasaí agus tionchair níos mó a bhaint amach ó infheistíocht an Stáit.

Rud eile atá suntasach ná an comhaontú de phlean gníomhaíochta taighde agus forbartha náisiúnta go 2010, Building Ireland's Knowledge Economy, ag imlíniú bearta chun an Stát agus an earnáil phríobháideach araon a chuimsiú agus na ceisteanna seo á phlé; forbairt scileanna, an soláthar de thaighdeoirí, an timpeallacht ghinearálta do thaighde agus fhorbairt laistigh de ghnóthaí san áireamh, agus socruithe chun chomhoibriú tionsclaíoch/acadúil a éascú. Chuige seo, bhí an foilsiú ag ICSTI den National Code of Practice for Managing Intellectual Property from Publicly Funded Research.

Tá tuilleadh oibre chomhairleach de pholasaí fiontraíochta déanta chun an sruth easca de smaointí nua ó eolaíocht go fiontraíocht a chur chun cinn agus chun an cumas ionsúite de na SME Éireannacha a fhorbairt a thuilleadh. Is é an t-aistriú d'eolaíocht fásta sa bhaile isteach i dtáirgí, nuálaíocht i seirbhísí agus ár gcumas chun eolas cruthaithe sa bhaile agus in áiteanna eile a ionsú a shainmhíneoidh rath na hÉireann mar gheilleagar eolais tosaigh.

## Bunaithe Iomaíocha a Chothabháil

Thug an comhthéacs eacnamaíoch d'obair na bliana seo caite ag Forfás, athdheimhniú mór. Luasghéaraigh fás eacnamaíoch, d'ardaigh infheistíocht díreach eachtrach, d'fhan dífhostaíocht íseal agus d'fhan airgeadais phoiblí láidir. Sa timpeallacht eacnamaíoch, d'fhéadfadh go mbeadh sé míthráthúil imní a ardú faoi iomaíochas todhchaíochta na hÉireann. Fós d'aibhsigh obair an National Competitiveness Council (NCC), lena soláthraíonn Forfás taighde agus tacaíocht riarthach, roinnt phríomh cheisteanna a theastaíonn a bheith aitheasctha lena chinntiú go bhfanann Éire iomaíoch.

Dearbhaíonn an anailís in Annual Competitiveness Report (ACR) an NCC don bhliain seo caite, chomh maith lena Ráiteas níos luaithe ar Phraghsanna agus Chostais, an creideamh forleathan go bhfuil costais in Éirinn ag méadú níos tapúla ná i dtíortha forbartha eile. Bhí tionchar aige seo ar iomaíochas costais na hÉireann i gcoinne ard-gheilleagair eile agus geilleagair ag forbairt, chomh maith leis an ísliú i luach an dollar i gcoinne an euro, agus tugann sé bagairt fásta do inchothaitheacht mórán gnóthaí in Éirinn. Thaispeáin an titim i gcostas árachais i 2004 conas is féidir le gníomhaíochtaí Rialtais iomaíochas costais do ghnóthaí a fheabhsú. Beidh cinneadh comhchosúil tábhachtach, curtha i bhfeidhm trasna raon d'earnálacha eile, fuinneamh, dramhaíl agus iompar. Thaispeáin an tuarascáil Competitiveness Challenge 2004 ag an NCC roinnt mholtaí dea-bhreithnithe ar conas is féidir é seo a bhaint amach.

## Aitheantais

I rith 2004, fuair Forfás tacaíocht suntasach ón Taoiseach, An tUasal Bertie Ahern, T.D., ón Tánaiste, Mary Harney Uasal, T.D., ón Uasal Micheál Martin, T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus ó Airí agus Ranna Rialtais eile. Ba mhaith liom an tacaíocht seo a aithint chomh maith leis na gníomhaíochtaí tábhachtacha glactha ag an Rialtais chun forbairt na hearnála fiontraíochta in Éirinn a chinntiú.

Chuir na gníomhaireachtaí forbartha go léir, Enterprise Ireland, FÁS, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta go suntasach ina réimsí faoi seach ag tacú le fiontar bunaithe in Éirinn agus thacaigh siad go láidir agus chuireadar le hobair Forfás i rith na bliana chomh maith. Eagraíochtaí eile a thacaigh Forfás agus a chur le rath na ngníomhaireachtaí forbartha ná Science Foundation Ireland, an earnáil oideachais tríú-leibhéil, comhlachtaí fostóra agus eagraíochtaí gnó, ceardchumainn agus na meán cumarsáide.

Chonaic 2004 roinnt scoir agus roinnt bhaill nua do Bhord Forfás. Ba mhaith liom buíochas agus meas a ghabháil go háirithe leis an Uasal Peter Cassells a d'éirigh as mar Chathaoirleach Forfás tar éis níos mó ná ceithre bliana mar Chathaoirleach agus sé bliana roimhe sin mar Bhall an Bhoird. Thaispeáin Peter tuiscint sainiúil ar raon leathan ceisteanna déileáilte leis ag Forfás agus sholáthar sé ceannaireacht sármhaith.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uasal Paul Haran agus Toni Wall Uasal a d'éirigh as an mBord chomh maith i rith na bliana seo. Tá áthas orm fáilte a chur roimh Bhaill nua an Bhoird, an tUasal Seán Gorman agus Rosheen McGuckian Uasal.

Teastaíonn uaim buíochas a ghabháil freisin lena lán eagraíochtaí eile a d'oibrigh Fórfás go dlúth leo i rith na bliana, go háirithe na baill de na grúpaí seo a leanas:

- The Expert Group on Future Skills Needs, le Anne Heraty Uasal mar an chathoirleach;
- The Irish Council for Science, Technology and Innovation (ICSTI), leis an Dr. Edward M. Walsh mar chathoirleach. Bunaíodh Advisory Council on Science, Technology & Innovation nua i mBealtaine 2005 a leanfaidh le obair an ICSTI. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Dr Walsh a bhí ar thús na forbartha de pholasaí eolaíochta na hÉireann agus a rinne rannaíocht náisiúnta seasta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin do na baill go léir de ICSTI a raibh ranníocaíocht mór ina gcuid oibre san fhorbairt de bhunachar eolaíochta na hÉireann. Ba mhian liom dea-mhéin a ghuí ar Mary Cryan, Cathaoirleach, agus an Advisory Council on Science, Technology & Innovation nua ina leanúint leis an obair seo;
- The Irish National Accreditation Board (INAB), leis an Dr. Máire Walsh mar chathaoirleach;
- The National Competitiveness Council (NCC), leis an Uasal William Burgess mar chathaoirleach. Bhí William ina bhall den NCC do seach mbliain agus mar Chathaoirleach do dhá bhliain agus d'éirigh sé as ag deireadh 2004 tar éis an 7ú Annual Competitiveness Report den Ghrúpa agus cáipéisí Dúshláin a sheachadadh. Ina ról mar Chathaoirleach, bhí William ina chúis ag aithint ceisteanna iomaíochais in aghaidh geilleagair na hÉireann agus san fhorbairt de mholtaí deartha chun stadás na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú. Ceapadh an Dr. Don Thornhill chun teacht in áit William agus guím dea-mhéin air sa ról seo i 2005; agus
- Chuaigh an Chief Science Adviser to Government, an Dr. Barry McSweeney i mbun oifige ar 1 Meán Fómhair 2004. Tá an Office of the Chief Science Adviser (CSA) to Government neamhspleách, ag tuairisciú don Choiste Comh-aireachta ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht. Soláthraíonn Forfás tacaíocht teicniúil agus taighde don CSA agus táim ag tnúth do leanúint leis an ngaol láidir seo lena Oifig agus guím go maith leis ina ról nua seo.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis on bPhríomh Fheidhmeannach, an tUasal Martin Cronin, a fhoireann bhainistíochta agus foireann Forfás as ucht a bhfuinneamh agus a dtoimantas leanúnach i rith 2004, bliain dúshlánach sa líon agus leithead na hoibre araon a tugadh faoi agus a seachadadh.

Tugann mo thaithí de Forfás, tríd an Enterprise Strategy Group agus mar Chathaoirleach, muinín dom go leanfaidh an fhoireann láidir seo lena cuid oibre le fuinneamh agus proifisiúntacht i 2005.

**Eoin O'Driscoll**
*Cathaoirleach*
Iúil 2005

# Tuarascáil an Phríomh Fheidhmeannaigh

**Martin Cronin**
Príomh Fheidhmeannach



I 2004 lean iomaíochas idirnáisiúnta, cur chun cinn teicneolaíochta agus domhandú mar thionchair bhunúsacha ar fhorbairt fhiontair ag an leibhéal náisiúnta.

## Grianghraf de 2004

Ag tógáil ar fheidhmíocht suntasach i 2003, lean borradh an gheilleagair Éireannaigh le linn 2004, an téarnamh gníomhaíochta eacnamaíochta go domhanda agus go háirithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá á chabhrú. I dtéarmaí réadacha, d'fhorleathnaigh an Olltáirgeacht Náisiúnta agus an Olltáirgeacht Intíre faoi 5.5 faoin gcéad agus 4.9 faoin gcéad faoi seach. Tá réamhaisnéis reatha á fhothú do bhorradh geilleagair shláin i 2005.

I rith 2004, mhéadaigh leibhéil fhostaíochta chomhiomlána faoi níos mó ná 65,000 go 1.89 milliún. Faoin ráithe dheireanach, bhí dífhostaíocht tar éis titim ó 4.6 faoin gcéad go 4.3 faoin gcéad, leis na hearnálacha tógála agus seirbhísí-príobháideacha ag tiomáint fórsa an treochta seo. D'aistrigh an borradh trádála fothaithe i dtógáil tithe cónaitheacha mar ardú de beagnach 10 faoin gcéad i bhfostaíocht tógála, fad is a thaithigh fostaíocht sna seirbhísí-príobháideacha a mhéadú is méire ó 2000, ag forleathnú le 3.8 faoin gcéad i 2004, á threorú ag borradh i bpoist seirbhísí tacaíochta agus airgeadais.

Bhí teacht ar fheabhsúcháin táirgiúlachta leantach ag Éire i 2004, go háirithe sna tionscail déantúsaíochta, mar thoradh ar ghníomhaíochtaí ard-bhreisluacha agus ath-infheistiú in oibríochtaí reatha. Fanann feabhsúcháin táirgiúlachta na hearnála seirbhíse mar dhúshlán.

Ag cur tagarmharcanna in aghaidh feidhmíochta deichniúr ó shin, seasann fostaíocht agus onnmhairí ag leibhéil arda, le fostaíocht i gcomhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht i 2004 ag aon chéad agus a fiche seacht faoin gcéad de leibhéil 1995 agus onnmhairí ag comhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht i 2003 ag dhá chéad agus a cúig déag faoin gcéad de leibhéil 1995, i dtéarmaí réadacha.

## Athrú Struchtúrach sa Bhonn Fiontair

Ag breathnú thall ar na figiúirí ceannlíne do fheidhmíocht eacnamaíoch 2004, tá fianaise d'athrú struchtúrach leantach sa phróifíl de fhiontraíocht in Éirinn.

Chúlaigh fostaíocht sna comhlachtaí déantúsaíochta tacaithe ag gníomhaireacht sa réimse sin, ag léiriú ath-struchtúrú leanúnach. Chúlaigh fostaíocht lánaimseartha buan i ngnólachtaí déantúsaíochta don cheathrú bliain comhleantach i 2004, le caillteanais phoist is mó sna hearnálacha déantúsaíochta traidisiúnta ar nós teicstílí, éide agus páipéar agus clódóireacht. Mar chodarsnacht, bhí teacht ar mhéaduithe glana i bhfostaíocht in earnálacha nua-aimseartha le bonn easpórtála láidir ar nós ceimiceáin agus áiseanna leighis. Fáiltíodh timpeallú de mhéadú beag i bhfostaíocht san earnáil leictreonach tar éis trí bhliana deachaire.

Lean an earnáil seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta ag forleathnú i 2004, agus taifeadadh gnóthachan glan i bhfostaíocht ag comhlachtaí seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta tacaithe ag gníomhaireachtaí. Ba iad gnóthaí seirbhísí airgeadais, agus gnólachtaí i réimsí eile de sheirbhísí idirnáisiúnta, ar nós comhairliú, bogearraí agus seirbhísí eile bainteach le ríomhairí a bhí freagrach as an méadú.

D'ardaigh an chomhréir den fhostaíocht chomhlán i gcomhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht i gceantair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ó 68.2 faoin gcéad go 68.7 faoin gcéad. Bhí gnóthachain ghlana san Iarthair, san Iardheisceart agus i Lár na Tíre agus bhí ísliú glan beag i mBaile Átha Cliath, sa Lár-Oirthear, san Oirdheisceart agus sa Lár-Iarthair.

## Geilleagar Eolais Ag Fás

D'fhás caiteachas ar Thaighde agus Fhorbairt inmheánach in aghaidh an duine i gcomhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht faoi 5.9 faoin gcéad ar an meán in aghaidh na bliana idir 2000 agus 2003. D'fhás Business expenditure on R&D (BERD) faoi 9.0 faoin gcéad i 2003 chuig iomlán de €1.1 billiún. Tá comhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach mar 72 faoin gcéad den BERD iomlán in Éirinn. Lean an earnáil is tábhachtaí den gheilleagar do chaiteachas gnó ar Thaighde agus Fhorbairt mar an earnáil "bogearraí agus táirgí eile bainteach le ríomhairí", ríofa mar 35 faoin gcéad den iomlán.

**Ag breathnú thall ar na figiúirí ceannlíne do fheidhmíocht eacnamaíochta 2004, tá fianaise d'athrú struchtúrach leantach sa phróifíl de fhiontraíocht in Éirinn.**

## Dúshláin Domhanda – Freagraí Áitiúla

Ba chóir nach smálaíonn an fheidhmíocht láidir den gheilleagar Éireannach le déanaí aitheantas de na dúshláin iomaíochta atá ag éirí níos déine. Leanann an borradh den Sín, den India agus de gheilleagair chostais ísle eile ar an luas céanna mar iomaitheoirí tábhachtacha do thrádáil idirnáisiúnta soghluaiste agus d'infheistíocht. Choimeád praghsanna tráchtearra, go háirithe i bhfuinneamh, treocht suas in airde go socair, ag sroicheadh na buaic-phointí le déanaí taithithe go luath sna 1980í go deireanach agus tá gníomhaíochtaí déantúsaíochta ag dílsiú talaimh go seirbhísí mar thiománaí de bhorradh eacnamaíochta i ngeilleagair forbartha. Ina theannta, do fhiontar sa chrios euro, toisc dímheas den dollar tá saincheisteanna iomaíochais costais i dtrádáil idirnáisiúnta tagtha chun cinn.

Cuireann iomaíocht idirnáisiúnta, cur chun cinn teicneolaíochta agus domhandú tionchair bhunúsacha ar fhorbairt fhiontair ag an leibhéal náisiúnta.

Inár ngeilleagar oscailte beag, ní mór do pholasaithe teicneolaíochta, eolaíochta agus fiontraíochta leanúint ag athrú agus ní mór an dinimiciúil athraitheach de thrádáil domhanda a thabhairt faoi deara. D'ardaigh ár gcostais saothair ábhartha. Tá an sofaisticiúlacht teicneolaíocht agus meabhraíocht tráchtála is gá anois chun táirgí agus seirbhísí ard-bhreisluacha iomaíoch go hidirnáisiúnta ag leagadh éilimh níos mó ar ár mbonneagar náisiúnta –oideachasúil, fisiceach agus teicneolaíochta. Is cosúil go gcuirfeadh gnólachtaí in Éirinn aghaidh ar dhúshláin iomaíochta meán-téarmacha níos cuimsithí agus neamh-loghadh ná aon phointe eile inár stair eacnamaíoch le déanaí.

## Forfás 2004

D'fhreagair Forfás go honnghníomhach ar na dúshláin de 2004. Thugamar faoi taighde agus anailís chun na coinníollacha riachtanacha a sheachadadh do thimpeallacht ghnó iomaíoch; chun earnálacha fiontair inchothaithe agus dinimiciúla a thacú; agus chun cumas nuálaíoch, teicneolaíochta agus eolaíochta na hÉireann a thógáil chun na riachtanais de gheilleagar nua-aimseartha athraitheach a chomhlíonadh.

Ba ghá le solúbthacht agus le freagracht ard-leibhéal don mhéid agus don leithéid oibre tugtha faoi ag an bhfoireann chun cur le seachadadh de, i measc rudaí eile, trí phríomh thuarascálacha straitéiseacha:

- The Enterprise Strategy Group Report,
- Ireland's R&D Action Plan, agus
- The Consumer Strategy Group Report.

Imlíníodh an réimse lán den obair tugtha faoi sa phríomh chorp den tuarascáil seo. San áireamh ann tá ábhair ar nós an cumas díolacháin, margaíochta agus nuálaíochta de SME Éireannacha atá ag easpórtáil, líonraí nuálaíochta agus *National Code of Practice for Managing Intellectual Property from Publicly Funded Research.*

Bhí próisis inmheánacha mar réimse fhócais chomh maith le linn 2004, le hinfheistíocht suntasach i gcórais eolais agus i bhforbairt daoine araon chun forbairt leanúnach a chinntiú i dtimpeallacht fhiontair casta go méadaithe.

## 2005 tosaíochtaí

I 2005, tá Forfás tiomanta chuig obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, na gníomhaireachtaí forbartha, tionscail agus comhlachtaí ábhartha eile chun tacaíocht Stáit a chomhordú do fhiontair lonnaithe in Éirinn atá iomaíoch i margaí domhanda lena n-áirítear:

- Na struchtúir teicneolaíochta agus eolaíochta nua a thacú agus an forfheidhmiú de "Building Ireland's Knowledge Economy - The Irish Action Plan for Increasing Research and Development to 2010" a thacú;
- Ag cur tacaíochta taighde ar fáil don National Competitiveness Council (NCC) i soiléiriú na ndúshlán suntasach d'Éire chun iomaíochas náisiúnta a choimeád, le béim áirithe ar thimpeallacht rialaithe do thionscal a chur chun cinn agus freagraí oiriúnacha d'Éire a shoiléiriú;
- Ag cur Gateways Study ar aghaidh i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, chun na riachtanais bhonneagair de na príomh cheantair seo a aithint chun dul faoi borradh agus forbairt fiontair cothrom go réigiúnach;
- Obair leis an Expert Group on Future Skills Needs lena chinntiú go dtéann lucht saothair in Éirinn ar éabhlóid ar aon dul lenár riachtanais scileanna athraitheacha tríd an gcur i bhfeidhm de "One Step Up", polasaí de thacú le scileanna a fhorbairt a mhairfidh do shaol iomlán an duine i gcomhthéacs na riachtanas fiontraíochta ag teacht chun cinn;

- Tá comhoibriú le grúpaí agus eagraíochtaí ábhartha chun tacú leis an gcur i bhfeidhm de na príomh moltaí den Enterprise Strategy Group, ag cur tionscnaimh líonra gnó fiontar-threoraithe píolótach agus an úsáid de rannpháirtíocht airgeadais fostaithe mar mheicníocht chun táirgiúlacht agus réimse thionscnaimh eile a thiomáint;

- Gníomhaíochtaí den Discover Science and Engineering Awareness Programme a fhorleathnú go suntasach, a chothaíonn suim phoiblí méadaithe san eolaíocht agus a spreagann daoine óga chun eolaíocht a mheas mar ghairm bheatha;

- Mion staidéir de tháirgiúlacht i bhfiontar in Éirinn a fhorbairt, i leith réimsí tábhachtacha a aithint le haghaidh idirghabhála polasaí; agus

- Iniúchadh de nuálaíocht seirbhísí á thabhairt faoi mar phríomh chuid de fhorbairt fhiontair in ard-geilleagair.

Tugann ré nua de fhorbairt deiseanna agus dúshláin fhiontair dhifriúla agus riachtanais úra agus éileamh ar athruithe. Sa chomhthéacs seo, sheachaid Forfás méid suntasach oibre ar ardchaighdeán i 2004. Ba mhaith liom buíochas fíréanta a léiriú don fhoireann as ucht a proifisiúntacht, a hionracas agus a fiuchadh foinn comhsheasmhach. Táim ag tnúth le hobair leo chun seachadadh níos mó ar ár ngeall chun forbairt fhiontair náisiúnta a thacú i 2005.



**Martin Cronin**
*Príomh Fheidhmeannach*
Meitheamh 2005

04

# Forbhreathnú Staitistiúil

**Tábla 1**
**Caiteachas Díreach de Ghnólachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht i nGeilleagar na hÉireann**

| | | GNÓLACHTAÍ FAOI ÚINÉIREACHT ÉIREANNACH | | GNÓLACHTAÍ FAOI ÚINÉIREACHT EACHTRACH | | GACH GNÓLACHT | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 2002 | 2003 | 2002 | 2003 | 2002 | 2003 | DIFRÍOCHT |
| Díolacháin | €M | 23,521 | 23,984 | 77,573 | 78,182 | 101,094 | 102,166 | 1.1% |
| Costais Phárolla | €M | 4,579 | 4,719 | 6,075 | 6,002 | 10,655 | 10,722 | 0.6% |
| Amhábhair Éireannacha | €M | 8,808 | 8,792 | 6,163 | 5,491 | 14,971 | 14,283 | -4.6% |
| Seirbhísí ceannaithe in Éirinn | €M | 2,977 | 3,069 | 5,889 | 6,663 | 8,867 | 9,732 | 9.8% |
| Caiteachas Díreach sa Gheilleagar | €M | 16,365 | 16,582 | 18,127 | 18,156 | 34,492 | 34,737 | 0.7% |
| Caiteachas Díreach mar % de Dhíolacháin | % | 69.6 | 69.1 | 23.4 | 23.2 | 34.1 | 34.0 | -0.1 |

*Foinse: Annual Business Survey of Economic Impact, comhordaithe ag Forfás agus riartha ag an Aonad Suirbhé, ESRI*

## Caiteachas ag Gnólachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht i nGeilleagar na hÉireann

Bhí sonraí bainteach le caiteachas díreach ag comhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht i 2003 bailithe ag Forfás agus ag na gníomhaireachtaí ábhartha (IDA Ireland, Enterprise Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta) i rith 2004. Tomhaiseann na sonraí seo an ranníocaíocht déanta ag comhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht le geilleagar na hÉireann trí chaiteachas díreach ar a gcostais párolla, amhábhair Éireannacha agus seirbhísí ceannaithe in Éirinn.

Taispeánann na sonraí gur mhéadaigh táirgeadh na gcomhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta agus a gcaiteachas sa gheilleagar beagán i 2003.

Mhéadaigh díolacháin iomlán chomhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta faoi 1.1 faoin gcéad i 2003 (i dtéarmaí ainmniúla) san am céanna mhéadaigh caiteachas díreach sa gheilleagar (ar chostais phárolla, amhábhair agus sheirbhísí) faoi 0.7 faoin gcéad (i dtéarmaí ainmniúla). Tá na rátaí fáis seo an-difriúil ó na rátaí fáis le digit-dúbailte a bhí le feiceáil ag deireadh na 1990í.

Bhí caiteachas iomlán de €34.7 billiún ag gnólachtaí tacaithe ag gníomhaireacht i 2003, déanta suas de chostais phárolla (€10.7 billiún), amhábhair Éireannacha (€14.2 billiún) agus caiteachas ar sheirbhísí Éireannacha (€9.7 billiún). Bhí chomhlachtaí faoi úinéireacht Éireannach freagrach as €16.5 billiún den chaiteachas díreach seo le hionchuir amhábhair freagrach as an gcuid is mó - tá sé seo tiomáinte don chuid is mó ag an earnáil bia agus dí a cheannaíonn an chuid is mó dá n-ionchuir amhábhair sa bhaile. Chaith comhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach €18.2 billiún díreach sa gheilleagar agus bhí sé seo leata amach go cothrom idir na trí chatagóir de chostais phárolla, ceannacháin amhábhair agus seirbhísí ceannaithe in Éirinn.

## Íocaíochtaí de Cháin Chorparáideach

Chomh maith lena gcaiteachas sa gheilleagar, tugann comhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta aischur díreach ar ais go dtí an Státchiste trí íocaíochtaí de cháin chorparáideach.

Baineann na sonraí is déanaí maidir le cáin chorparáideach ó chomhlachtaí déantúsaíochta agus seirbhísí tacaithe ag gníomhaireacht le 2003. Ba é an toradh iomlán do cháin chorparáideach ó gach foinse ná €5.2 billiún i 2003, méadú de 3.8 faoin gcéad i dtéarmaí réadúla ón mbliain roimhe. Bhí gnólachtaí tacaithe ag gníomhaireacht i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta freagrach as €2.7 billiún (52 faoin gcéad) den cháin chorparáideach iomlán íoctha sa gheilleagar.


Tá ceithre earnáil freagrach as ollmhéid an €2.7 billiún ó íocaíochtaí de cháin chorparáideach a bhfuil tagartha do thuas: ceimiceáin agus cógaisíocht (34 faoin gcéad); seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta (23 faoin gcéad); TFC - crua-earraí agus bogearraí (21 faoin gcéad) agus an earnáil bia agus dí (11 faoin gcéad).

## Fostaíocht i gComhlachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht

Ba é méid iomlán na fostaíochta i gcomhlachtaí faoi tharchuir Enterprise Ireland, IDA Ireland, Shannon Development agus Údarás na Gaeltachta ná 298,000 i 2004, laghdú de 1,000 ar an mbliain roimhe. Taispeánann **Figiúr 2** gur tháinig moill ar an ráta caillteanais poist idir 2003 agus 2004 i gcomparáid leis na trí bliana roimhe sin (2000 go dtí 2003) nuair a cailleadh 6,000 post ar an meán gach bliain. In ainneoin roinnt chaillteanais phoist le blianta beaga anuas, tá 60,000 níos mó daoine fostaithe i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirmáisiúnta inniu ná mar a bhí i 1995.


Bhí fostaíocht i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta roinnte go cothrom idir comhlachtaí faoi úinéireacht Éireannach agus comhlachtaí faoi úinéireacht eachtrach i 2004. Tháinig méadú ar fhostaíocht i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta ó 121,000 i 1995 go 149,000 i 2004, 2001 ag 154,000. Tá méadú tagtha i bhfostaíocht i ndéantúsaíocht eachtrach agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta le méadú ó 114,000 i 1995 go 149,000 i 2004, ag baint an buaic amach i 2000 ar 165,000.

**Figiúr 1**
**Íocaíochtaí de Cháin Chorparáideach (Praghsanna Seasmhacha 2004)**




*Foinse: Exchequer Returns for 2003, An Roinn Airgeadais. Annual Business Survey of Economic Impact, comhordaithe ag Forfás agus riartha ag an Aonad Suirbhé, ESRI*

**Figiúr 2**
**Fostaíocht Bhuan Lánaimseartha 1995-2004 Déantúsaíocht agus Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta/Seirbhísí Airgeadais**




*Foinse: Forfás - Annual Employment Survey*

Cruthaíodh timpeall 25,000 post i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta i 2004 ach bhí gnóthú na bpost seo fritháirithe ag an gcaillteanas de 26,000 post sa tréimhse chéanna. Taispeánann an treocht deich mbliana léirithe i **bhFigiúr 3** an difríocht suntasach atá sa mhéid poist atá á chruthú agus an méid poist atá caillte sna blianta suas go 2000 agus an suíomh ó shin. Tá dinimic suimiúil earnálach ag cur tacaí faoi na treochtaí seo:


- I measc na **ngnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach**, tá laghdú leanúnach fostaíochta feicthe ag an earnáil "teicstílí, éadaigh agus bróga" ó 12,000 i 1995 go 4,000 i 2004. Ar an dtaobh eile de tá méadú fostaíochta feicthe ag an earnáil seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta, ó 7,000 i 1995 go 25,000 i 2004 leis an gcuid is mó den mhéadú i bhfostaíocht sna 1990í;
- I measc na **ngnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach**, bhí laghdú leanúnach i bhfostaíocht san earnáil "teicstílí, éadaigh agus leathair" ó 9,000 i 1995 go dtí beagán thar 1,000 i 2004. Bhí méadú leanúnach i bhfostaíocht i seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta ó 13,000 i 1995 go 41,000 i 2000 le méaduithe beaga sna blianta ina dhiaidh sin. Bhí fortúin níos measctha ag an earnáil leictreonaic faoi úinéireacht eachtrach le fostaíocht ag éirí ó 24,000 i 1995 go dtí beagnach 40,000 i 2000 ach thit sé siar go dtí leibhéal fostaíochta 1995 arís sna blianta ina dhiaidh sin.

## Dáileadh Réigiúnach Fostaíochta

Taispeánann **Figiúr 4** an scair d'fhostaíocht atá i ndéantúsaíocht agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta a bhfuil réigiún na Teorann, na Lár na Tíre agus an Iarthair (TLI) freagrach as. Tá réigiúin an TLI freagrach as cuid mhór de na poist nua atá cruthaithe i ndéantúsaíocht agus i seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta le blianta beaga anuas. I 2004, cruthaíodh breis agus 7,000 post nua i réigiún an TLI agus tá sé sin ionann agus 28.6 faoin gcéad de na poist a cruthaíodh i ngnólachtaí tacaithe ag gníomhaireacht ar fud na tíre, an méid is airde a bhí sé sa tréimhse deich mbliana a scrúdaíodh agus i bhfad níos airde ná an 17.0 faoin gcéad a bhí mar scair aige i 1999.


Ag an am céanna, mar sin féin, tá poist á chailliúint i réigiúin an TLI agus sa chuid eile den tír. I dtéarmaí comhiomlána, tá an scair de fhostaíocht iomlán a bhfuil an TLI freagrach as ag fanacht seasta ó 2000 ag 24.0 faoin gcéad.

**Figiúr 3**
**Poist a Ghnóthú, a Chailliúint agus Athrú Glan i bhFostaíocht Bhuan Lánaimseartha 1995-2004 Déantúsaíocht agus Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta/Seirbhísí Airgeadais**




*Foinse: Forfás - Annual Employment Survey*

**Figiúr 4**
**Scair de Fhostaíocht i gComhlachtaí Tacaithe ag Gníomhaireacht Réigiún an TLI freagrach as seo**




*Foinse: Forfás - Annual Employment Survey*

## Fostaíocht Páirtaimseartha, Sealadach agus Conartha Gearr-Théarmach


Chomh maith leis an 298,000 duine fostaithe go lánaimseartha i ndéantúsaíocht agus i seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta, bhí 37,000 duine fostaithe chomh maith i gconarthaí gearr-théarmacha i 2004. Tá fostaíocht sa chatagóir seo fásta thar na deich mbliana seo caite agus tá sé freagrach anois as 12 faoin gcéad de na poist go léir i gcomhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht. Ag tógáil an dá chatagóir fostaíochta le chéile (buan lánaimseartha agus sealadach/gearr-théarmach), tá 35,000 duine fostaithe i gcomhlachtaí tacaithe ag gníomhaireacht, suas ó 262,000 i 1995 **(Figiúr 5**).

## Taighde agus Forbairt san Earnáil Ghnó

Taispeánann **Figiúr 6** sonraí ar an leibhéal comhiomláin de chaiteachas gnó ar thaighde agus fhorbairt ó 1993 go 2003 i bpraghsanna reatha agus seasta araon. Idir 2001 agus 2003 d'éirigh BERD faoi 19.5 faoin gcéad i dtéarmaí reatha, ag dul thar an méadú de 15.0 faoin gceéad a taifeadadh sa tréimhse dhá bhliana roimhe sin. Bhí an luasghéarú seo san fhás i BERD idir 2001 agus 2003 suntasach, ag tógáil na rioscaí eacnamaíochta domhanda ardaithe sa tréimhse san áireamh chomh maith leis an gcoscairt sainiúil don earnáil a tharla i dtionscail Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide ag an am. I dtéarmaí seasta tháinig luas le fás i BERD go dtí 10.3 faoin gcéad idir 2001 agus 2003.


**In ainneoin roinnt caillteanais phoist le blianta beaga anuas, tá 64,000 níos mó daoine fostaithe i ndéantúsaíocht agus i seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta inniu ná mar a bhí i 1995.**

**Figure 5**
**Treocht i bhFostaíocht Páirtaimseartha, Sealadach agus Conartha Gearr-Théarmach 1995-2004* Déantúsaíocht agus Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta/Seirbhísí Airgeadais**
*Níl comhlachtaí faoi tharchuir Shannon Development san áireamh





*Foinse: Forfás - Annual Employment Survey*

**Figiúr 6**
**Treocht i gCaiteachas Gnó ar Thaighde agus Fhorbairt (€m) in Éirinn, 1993 - 2003 (praghsanna seasta agus reatha)**





*Foinse: Forfás - Business Expenditure on Research & Development (BERD) 2003/2004*

**Figiúr 7**
**Business expenditure on R&D mar chéatadán de Olltáirgeacht Intíre/Olltáirgeacht Náisiúnta - Éire, AE agus an OECD 1995 go 2003**




*Foinse: Forfás - Business Expenditure on Research & Development (BERD) 2003/2004*

**Figiúr 8**
**Dáileadh de BERD de réir na Príomh Earnála Tionsclaíochta (2003)**





*Foinse: Forfás - Business Expenditure on Research & Development (BERD) 2003/2004*

Léiríonn **Figiúr 7** an leibhéal de BERD in Éirinn bainteach le gníomhaíochtaí geilleagracha, agus cuireann sé é seo i gcomparáid leis an meán feidhmíocht BERD don Eoraip agus don OECD. Chuir méaduithe láidre i BERD idir 2001 agus 2003 brú suas ar an gcóimheas idir BERD agus an Olltáirge Náisiúnta (OTN) go dtí 0.97 faoin gcéad ón gcóimheas de 0.93 faoin gcéad taifeadta i 2001. D'fhan BERD bainteach le gníomhaíocht geilleagrach in Éirinn faoi bhun an mheáin don EU25 agus don OECD, measta ag 1.13 faoin gcéad agus 1.45 faoin gcéad faoi seach, cé gur tháinig cúngú ar an mbearna feidhmíochta le linn na tréimhse. I gcontrárthacht leis an bhfeidhmíocht neartaithe de BERD in Éirinn idir 2001 agus 2003 tá fianaise ag teacht chun cinn go bhfuil titim foriomlán i ngníomhaíocht domhanda BERD.

Bhí an earnáil bhogearraí/ríomhaireachta freagrach as 35.2 faoin gcéad de BERD iomlán i 2003 (Figiúr 8). Ina dhiaidh seo bhí na hearnálacha leictreach/leictreonach (19.7 faoin gcéad); cógaisíocht (17.7 faoin gcéad) agus ionstraimí (10.8 faoin gcéad). Thit an tábhacht ábhartha den earnáil trealaimh leictreach/leictreonach do BERD iomlán ó 26 faoin gcéad i 1993 go dtí 19.7 faoin gcéad i 2003. I gcontrárthacht, tá fás an-substaintiúil ar an scair ábhartha de BERD gur féidir a chur i leith na hearnála bogearraí agus ábhair bainteach le ríomhairí - ó 15 faoin gcéad i 1993 go dtí an leibhéal reatha de 35.2 faoin gcéad. Tá titim substaintiúil tagtha ar ról bhia, dí agus tobac a bhí freagrach as 12 faoin gcéad den chaiteachas iomlán sna 1990í luatha i gcomparáid le 4 faoin gcéad i 2003.


**Mhéadaigh caiteachas Stáit ar ghníomhaíochtaí teicneolaíochta agus eolaíochta go dtí €2.06 billiún i 2004, méadú de 9.6 faoin gcéad ó 2003**

**Figiúr 9**
**Higher Education Expenditure on R&D (m) in Éirinn 1992-2004**




*Foinse: Forfás - Survey of Research & Development in the Higher Education Sector*

**Figiúr 10**
**Higher Education Expenditure on R&D (% gníomhaíocht gheilleagrach) 1992-2004 (e)**




*Foinse: Forfás – Survey of Research & Development in the Higher Education Sector*

## Taighde agus Forbairt san Earnáil Ard-Oideachais

Léiríonn **Figiúr 9** caiteachas ar thaighde agus fhorbairt trasna na hearnála ard-oideachais idir 1992 agus 2004. I 2002 mhéadaigh caiteachas faoi 35 faoin gcéad go dtí €322 milliún ó €238 milliún i 2000. Cé nach bhfuil figiúirí do 2004 ar fáil fós do HERD[3], taispeánann réamh-mheastachán ón Science Budget Survey 2004 go bhfuiltear ag súil go n-éiríodh caiteachas go dtí €500 milliún. San áireamh san fhigiúr seo tá maoiniú do Thaighde agus Fhorbairt ó Science Foundation Ireland agus ón Programme for Research in Third Level Institutions.

I dtéarmaí ábhartha bhí an caiteachas ar thaighde agus fhorbairt san earnáil ard-oideachais mar 0.31 faoin gcéad den OTN i 2002 (Figiúr 10). Táthar ag súil go n-éireoidh sé seo go €0.41 faoin gcéad den OTN i 2004 bunaithe ar réamh-mheastachán i HERD de timpeall €500 milliún. Mar thoradh ar an mbearna idir caiteachas ar thaighde agus fhorbairt san earnáil ard-oideachais in Éirinn agus meán an AE agus an OECD cúngóidh na meáin a thuilleadh. Tá figiúirí 2004 don AE agus don OECD measta mar 0.43 faoin gcéad agus 0.45 faoin gcéad faoi seach den OTN. Ar leibhéal domhanda, is iad na tíortha tosaigh chun Taighde agus Forbairt a thaispeáint san earnáil ard-oideachais ná An tSualainn (0.85 faoin gcéad den OTN), An Fhionlainn (0.7 faoin gcéad) agus Ceanada (0.65 faoin gcéad)

.


## Maoiniú an Rialtais do Eolaíocht agus Theicneolaíocht

I 2004 mhéadaigh caiteachas an Stáit ar ghníomhaíochtaí eolaíochta agus teicneolaíochta go dtí €2.06 billiún ó €1.88 billiún sna blianta roimhe sin, méadú de 9.6 faoin gcéad. Tharla an chuid is mó den mhéadú seo de bharr maoiniú níos mó ón Státchiste do Eolaíocht agus Teicneolaíocht de 10.3 faoin gcéad. Laistigh den bhuiséad eolaíochta agus teicneolaíochta iomlán tá caiteachas ar thaighde agus fhorbairt an-tábhachtach. Tá Government Budget Appropriation or Outlays on R&D (GBAORD) mar tháscaire aitheanta go hidirnáisiúnta a ligeann dúinn dul chun cinn i leith caiteachas ar thaighde agus fhorbairt ag rialtais a thomhas agus comparáid idirnáisiúnta a dhéanamh.


Taispeánann **Figiúr 11** gur éirigh Eisíocaíochtaí Buiséid Rialtais na hÉireann ar Thaighde agus Fhorbairt go dtí €591 milliún i 2004. Is méadú é seo de 23 faoin gcéad ar fhigiúirí na bliana roimhe, de bharr maoiniú breise do Thaighde agus Fhorbairt ó Science Foundation Ireland, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus ranna rialtais eile. D'éirigh an cóimheas GBAORD/OTN go dtí 0.48 faoin gcéad den OTN i 2004, méadú suntasach ar an bhfigiúr do 1999 de 0.35 faoin gcéad.

3 *Higher Education Research and Development*

**Figiúr 11**
**Deontais Rialtais Dáilte do Thaighde agus Fhorbairt (1993-2004)**




**Figiúr 12**
**Caiteachas Rialtais ar Thaighde agus Fhorbairt 1995-2004(e)**





## Gross Expenditure on Research and Development (GERD)

Tá Gross expenditure on R&D mar an táscaire feidhmíochta do Thaighde agus Fhorbairt trasna an gheilleagair. Tá taighde agus forbairt tugtha faoi san earnáil phríobháideach (BERD), san earnáil phoiblí (GoveRD) agus san earnáil ard-oideachais (HERD) san áireamh. Tá caiteachas iomlán ar thaighde agus fhorbairt i ngeilleagar na hÉireann do 2004 **(Figiúr 12)** measta a bheith éirithe go dtí €1.79 billiún, méadú de 10.3 faoin gcéad ón iomlán do GERD taifeadta i 2003.

I dtéarmaí ábhartha, tá an cóimheas idir caiteachas comhlán ar thaighde agus fhorbairt agus gníomhaíocht gheilleagrach iomlán measta anois le bheith thart ar 1.5 faoin gcéad den OTN, i gcomparáid leis an gcóimheas céatadáin de 1.32 tomhaiste i 2001 agus leis an gcóimheas céatadáin de 1.40 i 1994. Léiríonn **Figiúr 13** déine taighde agus forbartha comhlána do Éire (tomhais OTN agus OTI), agus cuireann sé iad i gcomparáid le meáin EU25 agus OECD. Tá dul chun cinn déanta chun an bearna de GERD a dhúnadh idir Éire agus an AE agus an OECD idir 2001 agus 2004.

**Figiúr 13**
**GERD (% gníomhaíocht gheilleagrach)**




*Foinsí: Díorthaithe ón Survey of Research & Development in the Business Sector, 2003/ 2004 (Forfás); Survey of Research & Development in the Higher Education Sector, 2002 (Forfás); State Expenditure on Science & Technology, 2003 (Forfás); Main Science & Technology Indicators, 1999, Vol. 1; 2001, Vol. 1; Vol. 2004 Vol. 2 (OECD).*

# 04

# Gníomhaíochtaí i 2004

# Forfás: Ag cur le Polasaithe a Thacaíonn Forbairt Fhiontair agus Teicneolaíocht in Éirinn ar Leas Gach Duine

1



**Forbairt leantach de theicneolaíocht agus earnálacha fiontair dinimiciúla agus inchothaithe mar a ghlacann Éire an geilleagar eolais**

2



**Stádas iomaíochta Éire a fheabhsú**

3



**Cumas eolaíochta, nuálaíochta agus teicneolaíochta na hÉireann a thógáil chun riachtanais gheilleagar nua-aoiseach atá ag dul in éabhlóid a chomhlíonadh**



# 1

# Forbairt leantach de theicneolaíocht agus earnálacha fiontair dinimiciúla agus inchothaithe mar a ghlacann Éire an geilleagar eolais.

Chun fanacht rathúil i ngeilleagar atá ag domhandú ní mór d'Éire inniúlacht áirithe a thógáil i ngnóthaí agus i dteicneolaíochtaí in atáimid nó inar féidir linn a bheith mar imreoirí tábhachtacha. D'oibrigh Forfás ar réimse saincheisteanna le linn 2004 dírithe ar earnálacha fiontair beomhara a thógáil agus a chothabháil as a dtagann ár bhforbairt leanúnach mar gheilleagar eolais.

## Enterprise Strategy Group

Thug Forfás acmhainní móra chun cabhrú leis an Enterprise Strategy Group chun a tuarascáil Ahead of the Curve: Ireland's Place in the Global Economy a chríochnú le linn 2004.




Bhunaigh An Tánaiste, Mary Harney Uasal, T.D., a bhí mar an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag an am, an Enterprise Strategy Group (ESG) chun Enterprise Strategy meán-téarmach a fhorbairt d'Éire. Ceapadh Forfás mar fheidhmeannach don Ghrúpa seo agus thionóil siad a chéad chruinniú i Meán Fómhair 2003.

D'fhoilsigh an Grúpa a thorthaí ar 7 Iúil 2004 - Ahead of the Curve: Ireland's Place in the Global Economy. Cuireann an tuarascáil seo radharc straitéiseach nua i láthair don rath fadtéarmach de fhiontar agus tá sonraí tugtha ar roinnt mholtaí chun tacú lena rathúlacht sa chéad atá le teacht. Go háirithe, díríonn an Tuarascáil ar:

- An tábhacht de thógáil ar láidreachtaí traidisiúnta Éire i ndéantúsaíocht agus in oibríochtaí chun inniúlacht agus taithí de scoth domhanda a fhorbairt i margaíocht agus i dteicneolaíocht, chun stádas Éire a dhaingniú mar shuíomh do ghníomhaíochtaí gnó ard-bhreisluacha;
- An luach de chóras cánach intuartha agus seasmhach tacaithe ag córas Stáit éifeachtach agus lúfar chun stádas Éire a chothabháil mar áit inmhianaithe chun gnó a dhéanamh;
- An phríomh ról de scileanna, oideachas agus traenáil de scoth domhanda, mar an mbunchloch don rath eacnamaíochta den tír sa todhchaí; agus
- An tábhacht ag dul i méid den earnáil seirbhísí i bhforbairt Éire mar gheilleagar.

### Saineolas ar Mhairgí


Imlíníonn an tuarascáil na gníomhaíochtaí áirithe atá riachtanach chun inniúlacht Éire a fhorbairt i ndíolacháin agus margaíocht. San áireamh iontu seo tá tionscnaimh chun scileanna margaíochta agus díolacháin a fhorbairt agus a chur le chéile, chun cur chuige níos dírithe a fhorbairt i leith éirim easpórtála agus gníomhaíochtaí chur chun cinn agus chun díriú ar comhlachtaí eachtracha ag céim luath den idirnáisiúnachas do ghníomhaíochtaí margaíochta agus díolacháin.

### Saineolas ar Fhorbairt Seirbhíse agus Teicneolaíochta/Táirge

Molann an tuarascáil go bhforbraíonn Éire cur chuige dírithe, comhtháite agus straitéiseach do thaighde fheidhmeach faoi threoir mhargaidh agus fhorbairt teicneolaíochta, agus iarrann sé ar mhéadú de mhaoiniú poiblí do thaighde fheidhmeach agus taighde agus forbairt laistigh de ghnólacht.

### Líonraí faoi Threoir Fhiontar

Aithníonn Ahead of the Curve an ról luachmhar atá ag tionscal féin i bhforbairt chomhlachta, réigiúnach agus earnálach, go háirithe trí chomhar agus chomhoibriú méadaithe. Molann an Tuarascáil go gcuirfear tacaíocht ar fáil chun spreagadh a thabhairt do líonraí faoi threoir fhiontar atá tiomanta chun an próiseas seo a stiúradh.



*Taispeánta ag an seoladh den Enterprise Strategy Group's Report tá an tUasal Eoin O'Driscoll, Cathaoirleach an Enterprise Strategy Group agus An Tánaiste, Mary Harney Uasal, T.D., a bhí mar an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag an am.*

## Scileanna, Oideachas agus Traenáil de Scoth Domhanda

Tá gá le fócas ar spreagadh a thabhairt chun rannpháirtíocht níos mó i bhfoghlaim leanúnach, lena chinntiú go mbíonn cáilíocht ár gcéimithe sa chéad deicíl de thíortha OECD.

## Freagra ar an ESG Report

Bhí Enterprise Strategy Group Report á fhógairt ag uair a lainse agus bunaíodh Grúpa Idir-Rannach chun moltaí a mheas agus straitéis cur i bhfeidhm a ullmhú.

Chuir an Grúpa Idir-Rannach a gconclúidí i láthair don Chomh-aireacht agus sheoil an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an tUasal Micheál Martin, T.D., an Plean Gníomhaíochta Fiontraíochta i bhFeabhra.

Cuireadh fáilte roimh ábhar na Tuarascála agus bhí na cúrsaí aitheanta d'aird tosaíochta mar iad siúd a mheasann an Rialtas a bheith criticiúil do bhorradh eacnamaíochta sa todhchaí. Léirigh an Plean Gníomhaíochta agus an clár-ama an rún chun an chuid is mó de na moltaí san ESG Report a chur i bhfeidhm, agus meicníochtaí malartacha chun cuspóirí na moltaí fágtha a bhaint amach.

San áireamh sna tionscnaimh beartaithe agus tosaithe chun forfheidhmiú na príomh moltaí droimscríofa ag an Rialtas a chur chun cinn tá:

## Sainghrúpa chun Comhairliú ar Fhorfheidhmiú ESG

- Tá Sainghrúpa á bhunú chun comhairliú ar fhorfheidhmiú na moltaí ESG. Buailfidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta leis an Sainghrúpa – á chuimsiú ceathrar figiúirí sinsearacha mar ionadaithe den earnáil fiontair agus Rúnaithe Ginearálta ábhartha – agus tuairisceoidh sé don Rialtas ar fhorfheidhmiú na moltaí ESG dhá uair in aghaidh na bliana.

## Saineolas ar Mhargaí

- Tá an idirnáisiúnachas de chomhlachtaí Éireannacha measta a bheith ar thábhacht chriticiúil. D'fhógair Enterprise Ireland straitéis nua, Ag Claochlú Tionscail in Éirinn, ina bhfuil Rannóg Tacaíochta Margaíochta agus Thar Sáile nua san áireamh chun seirbhís níos dírithe a chur ar fail dá chomhlachtaí cliaint i margaí eachtracha.

## Saineolas i bhForbairt Seirbhíse agus Teicneolaíochta/Táirge

- Bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíocht comh-ghrúpa oibre le SFI, Enterprise Ireland, IDA Ireland agus Forfás chun an bealach is éifeachtaí a mheas chun bonn teicneolaíochta fiontair a thógáil in Éirinn. Tá plean forfheidhmithe straitéiseach á fhorbairt ag an ngrúpa lena chinntiú go mbíonn infheistíocht suntasach na Roinne i dtaighde, teicneolaíocht agus nuálaíocht úsáidte chun na spriocanna leagtha síos sa National R&D Action Plan a bhaint amach; agus
- Bunaíodh Choiste Comh-aireachta nua agus Coiste Idir-Rannach ar Thaighde agus Fhorbairt chun treoir sonrach a chur ar fáil agus a fheighil d'fhonn 2.5 faoin gcéad den chaiteachas OTN a bheith caite ar Thaighde agus Fhorbairt i gcomhréir le sprioc Liospóin.

## Scileanna, Oideachas agus Traenáil de Scoth Domhanda

- Dhroimscríobh an Rialtas tionscnamh 'One Step Up' chun foghlaim saol ar leith a chur ar aghaidh agus cuireadh maoiniú de €27 milliún ar fáil sa Bhuiséad 2005 go FÁS do thraenáil laistigh den chomhlacht i 2005;
- Oibreoidh FÁS agus Enterprise Ireland le chéile chun an FÁS Graduate Programme reatha a leathnú agus a fhorbairt; agus
- Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag comhairliú leis na hOllscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta chun an ionchorprú de theicnící díolacháin agus margaíochta mar ábhar cúrsa a thacú.

## Líonraí faoi Threoir Fhiontar

- Tá Enterprise Ireland, i gcomhar le geallshealbhóirí, ag cur clár píolótach i bhfeidhm chun an bunú agus an fhorbairt de líonraí gnó faoi threoir fhiontar a spreagadh.

## Forbairt de Straitéisí do Earnálacha Déantúsaíochta Ard-Luacha agus Seirbhísí Trádáilte go hIdirnáisiúnta

Mar chuid den athbhreithniú ESG, thacaigh Forfás roinnt sainghrúpaí tionscail a rinne deiseanna áirithe a mheas d'Éire chun buntáiste a bhaint as treochtaí domhanda trasna réimse leathan d'earnálacha déantúsaíochta ard-luacha agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta. Bhí an t-aschur ó gach grúpa curtha san áireamh ar CD ROM ag dul le Ahead of the Curve: Ireland's Place in the Global Economy.

San áireamh sna hearnálacha déantúsaíochta ard-luacha ar a rinneadh athbhreithniú bhí cógaisíochta agus biteicneolaíocht, teicneolaíochtaí leighis, teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, bia agus deoch, earraí tomhaltóra ard-luacha agus innealtóireacht. D'aithin an téama uileghabhálacha an gá do chomhlachtaí a bheith nuálaíoch go leanúnach chun táirgiúlacht a fheabhsú agus chun tabhairt faoi níos mó taighde feidhmitheach do phróisis agus tháirgí araon. Ba chóir dóibh tabhairt faoi réimse gníomhaíochtaí a éascaíonn baint níos dlúithe leis an gcustaiméir, ar nós tacaíocht teicniúil, bainistíocht ordaithe, agus bainistíocht táirge. D'aithin gach tuarascáil earnála fo-earnálacha nó gníomhaíochtaí ard-luacha a thairgeann poitéinseal ard, chomh maith leis na príomh ghníomhaíochtaí atá riachtanach chun tuilleadh forbartha den earnáil in Éirinn a tiomáint.

Thar an gcéad atá le teacht, éireoidh gníomhaíochtaí agus seirbhísí trádáilte go hidirnáisiúnta níos tábhachtaí d'oibríochtaí faoi úinéireacht eachtrach agus dúchasach. Tá borradh san earnáil sin á thiomáint ag constaicí laghdaithe ar thrádáil, cur chun cinn i dteicneolaíocht chumarsáide agus córas cánach corparáideach na hÉireann. Tá stáid taifid láidir ag Éirinn cheana féin in infheistíocht díreach eachtrach a fháil i ngníomhaíochtaí seirbhíse agus tá líon na ngnólachtaí dúchasacha a thrádálann go hidirnáisiúnta ag fás, ag cur ardán daingean ar fáil do bhorradh sa todhchaí.

Mheas níos mó ná 80 rannpháirtí tionscail réimse leathan de ghníomhaíochtaí seirbhíse chun an cumas fáis agus trádála idirnáisiúnta méadaithe a mheas. Aithníodh deiseanna áirithe i roinnt earnálacha lena n-áirítear seirbhísí oideachais, seirbhísí airgeadais, seirbhísí cúraim shláinte, na tionscail chruthaíochta agus turasóireachta; agus trasna roinnt ghníomhaíochtaí seirbhíse lena n-áirítear ceanncheathrúna Eorpacha, maoin intleachtach, díolacháin agus margaíocht, saincheadú agus próisis ghnó faighte amuigh agus roinnte.

## Nuálaíocht sna hEarnálacha Seirbhíse in Éirinn

I rith 2004 rinne Forfás staidéar scóipe chun creatlach a fhorbairt don scrúdú de nuálaíocht seirbhíse in Éirinn agus chun bealaí féideartha a aithint do riachtanais nuálaíochta na hearnála a chomhlíonadh.

Tá ról ceannasach ag an earnáil seirbhíse i ngeilleagair forbartha, ag tabhairt do dhá trian den fhostaíocht agus OTI. Thairis sin, tá seirbhísí mar an t-aon earnáil amháin de gheilleagair Eorpacha agus Meiriceá Thuaidh atá ag giniúint fostaíochta.

Forlámhaíonn an earnáil seirbhíse an geilleagar Éireannach chomh maith agus tá sé freagrach as ionann agus 60 faoin gcéad den OTI agus fostaíocht. I rith na 1990í, d'fhás an ráta fostaíochta i seirbhísí faoi 45 faoin gcéad. D'ainneoin an borradh den earnáil seirbhíse in Éirinn, ní raibh a luach i leith cumais iomaíochta a shaibhriú aitheanta go hiomlán do dtí na 1990í.

D'aimsigh staidéar scóipe Forfás ar nuálaíocht san earnáil seirbhíse, go bhfuil gá le heolas agus tuiscint níos sonraithe agus níos tráthúla a fhorbairt ar nuálaíocht sna hearnálacha seirbhíse in Éirinn agus leag sé amach creatlach chun é seo a lorg. Ba chóir go gcuirfeadh an creatlach staidéir seo eolas luachmhar ar fáil chun tacú agus tabhairt leis an bhforbairt de pholasaí éifeachtach ag tacú le gníomhaíocht na hearnála seirbhíse in Éirinn.

## Cumarsáid Gan Sreang

In Aibreán 2004 d'fhoilsigh Forfás straitéis a imlíníonn an poitéinseal d'Éire chun cumarsáid gan sreang a fhorbairt níos mó mar earnáil tionscail inchothaithe trádáilte go hidirnáisiúnta.

Mhol an Tuarascáil The Wireless Communications: An Area of Opportunity for Ireland sraith de phríomh ghníomhaíochtaí gur ghá a ghlacadh chun forbairt na hearnála a thiomáint agus chun caipitliú ar dheiseanna. Tá sé molta go leagfadh Éire béim ar agus go dtógfadh sí ar a príomh láidreachtaí i dtacaíocht córais oibríochtaí (TCO), slándáil, bainistíocht idirbhearta agus billeála tríd an inniúlacht seo a chomhlánú le gníomhaíochtaí óstach agus deimhniúcháin.

Trí leas a bhaint as taithí i TCO d'fhéadfadh Éire imleacán Eorpach a chruthú don tionscal óstach feidhmithe soghluaiste atá ag teacht chun cinn. Bheadh forbairt an tionscail spreagtha a thuilleadh ag an mbunú de líonra earnála gan sreang chun leibhéal idirghabhála níos airde a chatalú idir na himreoirí san earnáil gan sreang Éireannach.

D'imlínigh an staidéar chomh maith roinnt mholtaí chun an comhoibriú taighde acadúla-tionscail a chur ar aghaidh agus chun speictream bainistíochta a fhairsingiú in Éirinn chun an triail agus imscaradh de theicneolaíochtaí gan sreang nua a spreagadh.

I rith na bliana, d'oibrigh Forfás go dlúth le grúpa forfheidhmithe, ina raibh ionadaithe ó thionscal, acadúla, ComReg agus na gníomhaireachtaí forbartha, chun éifeacht a thabhairt do mholtaí na Tuarascála. Bhí forbairtí maithe le feiceáil, go háirithe i:

- Fairsingiú speictrim agus ceadúnais trialacha a d'fhéadfadh an forbairt de theicneolaíocht, tháirgí agus sheirbhísí gan sreang nuálaíocht in Éirinn a spreagadh;
- Poitéinseal a chur chun cinn don fhorbairt de líonra gan sreang faoi threoir thionscal; agus
- Deiseanna áirithe a aithint do thaighde comhoibrithe faoi threoir fhiontar.

## Nanaitheicneolaíocht

Sheoil an Irish Council for Science, Technology and Innovation (ICSTI), lena thugann Forfás tacaíocht taighde agus riaracháin, a Ráiteas ar Nanaitheicneolaíocht in Iúil 2004. Déanann an Ráiteas seo inniúlacht na hÉireann faoi láthair sa réimse nanaitheicneolaíochta a mheas, marcálann sé deiseanna áirithe do gheilleagar na hÉireann agus léiríonn sé radharc inchothaithe agus straitéis leathan don chur chun cinn, don fhorbairt agus don thráchtálú de nanaitheicneolaíocht in Éirinn.

Tá Nanaitheicneolaíocht ag teacht chun cinn ar fud an domhain mar phríomh theicneolaíocht chumasaithe a rachaidh i bhfeidhm ar a lán earnálacha den gheilleagar Éireannach. Tugann nana-ábhair agus gairis deiseanna do fhiontair chun a gcumas iomaíochta a shaibhriú trí tháirgí agus phróisis nua agus feabhsaithe a fhorbairt nó tríd an gcostas de na táirgí agus próisis atá ann a laghdú.

Tá sé measta go rachaidh an luach poitéinsiúil de tháirgí agus phróisis cumasaithe ag nanaitheicneolaíocht easpórtáilte ag fiontair Éireannacha thar €13 billiún faoi 2010, atá níos mó ná 10 faoin gcéad de luach na n-onnmhairí iomlán faoi láthair.

Leagann an Ráiteas béim ar an gcaoi go bhfuil deiseanna le fáil do chomhlachtaí de gach mhéid, faoi úinéireacht Éireannach agus ilnáisiúnta, laistigh de réimse earnálacha agus go háirithe, moltar go mbunófaí braislí taighde nanaitheicneolaíochta chun freastal ar riachtanais nanaitheicneolaíocht na n-earnálacha cúraim shláinte agus TFC.

San áireamh mar phríomh thosaíochtaí tá an gá do:

- Enterprise Ireland leanúint le tacú a thabhairt do bhunaithe le poitéinseal ard agus an úsáid de nanaitheicneolaíocht a spreagadh chun an feidhmíocht a fheabhsú agus chun costas tháirgí agus phróisis curtha faoi mhargaíocht ag comhlachtaí dúchasacha fad-bhunaithe a laghdú;
- Mhaoiniú poiblí do nanaitheicneolaíocht a bheith comhordaithe ag gníomhaireachtaí maoinithe chun an deis chun tofacht a thógáil i dtaighde Éireannach a optamú; agus
- Ghníomhaireachtaí reachtúla ag obair le chéile chun na creatlaí atá ann anois a thabhairt suas chun dáta chun muinín phoiblí a chinntiú san úsáid de nana-ábhair.

*Sa ghrianghraf den seoladh den National Code of Practice for Managing Intellectual Property from Publicly Funded Research tá An Tánaiste, Mary Harney Uasal, T.D., a bhí ina hAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag an am; an Dr. Edward M. Walsh, Cathaoirleach, Irish Council for Science, Technology & Innovation agus an Dr. Ena Prosser, Cathaoirleach ar an Tascfhórsa a d'ullmhaigh an Cód.*



## Éire a Láithriú do Rath i mBiteicneolaíocht

Bhunaigh an ICSTI Tascfhórsa ar Éire a Láithriú do Rath i mBiteicneolaíocht. Ba é cuspóir an Tascfhórsa ná athbhreithniú a dhéanamh ar infheistíochtaí agus tionscnaimh biteicneolaíochta á dhéanamh in Éirinn faoi láthair agus chun almóir agus tosaíochtaí d'infheistíocht a aithint.

In iarracht chun geilleagar bunaithe ar eolas, dinimiciúil a thógáil d'aithin Éire biteicneolaíocht mar phríomh limistéir a bhfuil dóchúil chun tacú le forbairt teicneolaíochta sa todhchaí. Ciallaíonn méaduithe suntasacha in infheistíocht i dtaighde agus forbairt le blianta beaga anuas go mbainfeadh biteicneolaíocht Éireannach leas as comh-mhaoiniú de níos mó ná €1 billiún go dáta ó Science Foundation Ireland, an tÚdarás um Ard-Oideachas, Enterprise Ireland, the Health Research Board, Teagasc, an Coimisiúin Eorpach agus eile. Ar aon dul le borradh i mbonneagar taighde agus i dtofacht taighde, tá an earnáil ghnó lena mbíonn biteicneolaíocht bainteach éagsúil go mór le croí de chomhlachtaí ilnáisiúnta móra (ag seasamh do níos mó ná €3.5 billiún in infheistíocht díreach eachtrach agus ag cur leibhéil suntasacha de fhostaíocht ar fáil), agus treocht méadaithe sa chruthú de chomhlachtaí dúchasacha.

Ba in aghaidh an chúlra sin a bunaíodh an Tascfhórsa, ag leagadh béime ar dhisciplíní ard-teicneolaíochta a chur le tionscail traidisiúnta Éireannacha, acmhainní nádúrtha agus luachanna mar acmhainní chun uathúlacht Éire a chur ar siúl agus chun tógáil ar láidreachtaí atá ann cheana.

Roghnaigh an Tascfhórsa réimsí tosaíochta (diagnóisic, gairis leighis, cógaisíochta-bithchógaisíochta, tionscail seirbhíse tacaíochta déantúsaíochta, acmhainní mara, talmhaíocht-bia, sláinte ainmhí) do bhealach bunaithe ar bhraislí do fhorbairt sa todhchaí. Tá súil leis an tuarascáil seo i lár 2005.

## Tarraingteacht Éire d'Infheistíocht Taighde agus Forbartha Soghluaiste

I gcomhpháirtíocht le IDA Ireland, rinne Forfás measúnú ar tharraingteacht ábhartha reatha Éire do thaighde agus fhorbairt fiontair agus d'aithin sé riachtanais pholasaí d'Éire chun scair níos mó de thaighde agus fhorbairt soghluaiste a ghabhadh.

Ag tarraingt infheistíochta taighde agus forbartha isteach mar eochair ar chumas iomaíochta Éire a thógáil don todhchaí agus chun tabhairt faoi ár dtarghabháil do gheilleagar eolais. Tháinig seasca cúig faoin gcéad de chaiteachas gnó ar thaighde agus fhorbairt in Éirinn ó chuallachtaí ilnáisiúnta (CI), ach tá mórán den chaiteachas sin bainteach le roinnt bheag chomhlachtaí, agus ar an iomlán tá an déine taighde agus forbartha íseal de réir caighdeáin idirnáisiúnta. Tá iomaíocht d'infheistíocht taighde agus forbartha ilnáisiúnta ag éirí níos déine de réir mar a éiríonn gníomhaíochtaí taighde agus forbartha chuallachtaí ilnáisiúnta níos soghluaiste. Sa tréimhse 2000 go 2002 meastar gur tharraing Éire ocht faoin gcéad d'infheistíochtaí taighde agus forbartha úrnua san Eoraip (ba iad na príomh fhoinsí ná na Stáit Aontaithe, an tSeapáin agus an Ríocht Aontaithe) – feidhmíocht mhaith, ach fós nach bhfuil ag comhoiriúnú ár rath in infheistíocht díreach eachtrach a tharraingt i réimsí ar nós seirbhísí roinnte agus ionaid teagmhála custaiméara.

Ba iad na moltaí iomlána d'fhonn infheistíocht taighde agus forbartha den scoth a fháil go bhfuil ar Éire:

- Forbairt mar bhraislí do thaighde agus fhorbairt i bpríomh earnálacha (m.sh. tá toirt chriticiúil ag teacht chun cinn cheana sna cógaisíochta, i ngairis leighis agus i TFC a chuireann deis láithreach ar fáil d'Éire);

- Margaíocht a dhéanamh ar Éire mar shuíomh do thaighde agus fhorbairt trí fheachtas díolacháin agus margaíochta mór. Is gá inniúlacht agus láidreachtaí taighde na n-ollscoileanna a shoiléiriú agus samplaí de chomhlachtaí ag tabhairt faoi thaighde agus fhorbairt go rathúil a chur i láthair i dtaispeántas;
- Cur chuige cothrom a chinntiú do infheistíocht bhreise taighde agus forbartha a tharraingt ón mbonn reatha chomh maith le leanúint ar infheistíochtaí taighde agus forbartha úrnua a tharraingt; agus
- Gnéithe spreagúla a athrú a thuilleadh chun riachtanais taighde agus forbartha na gcomhlachtaí a chomhlíonadh.

## Timpeallacht Fhioscach agus Chánach

### CBL ar Ríomh-Ghnó

In Iúil 2004, rinne Forfás coimisiúnú, i gcomhar le IDA Ireland agus Enterprise Ireland, ar staidéar chun bealaí a mheas chun réiteach a fháil ar an míbhuntáiste CBL in aghaidh gnólachtaí Éireannacha bainteach le seirbhísí soláthraithe go leictreonach 'business to consumer' (B2C).

D'fhéach an staidéar ar na seirbhísí sin a chuireann gnó ar fáil ar-líne do dhaoine príobháideacha laistigh den AE. Ní féidir le daoine príobháideach CBL a aisghabháil de ghnáth, mar sin dá mbeadh ar sholáthraí amháin ráta CBL níos airde ná aon cheann eile a chur go dleathach téann sé i bhfeidhm ar phraghsáil na seirbhísí agus d'fhéadfadh fiaradh iomaíochta a bheith mar thoradh.

Tá CBL ar sheirbhísí san AE clúdaithe ag an Sixth VAT Directive. Neamhchosúil ar earraí fisiceacha, srathaítear CBL ar an ráta le cur san áit de sholáthar do chustaiméirí ar fud an AE. Ciallaíonn sé go bhfuil tomhaltóir i mBallstát amháin ag ceannach seirbhísí soláthraithe go leictreonach ó ghnólacht lonnaithe i mBallstát eile dlite don ráta CBL atá i bhfeidhm sa stát eile sin.

Ag 21 faoin gcead, tá ceann de na rátaí caighdeánacha CBL is airde ag Éire i measc Ballstáit. Tá imní ann dá bhrí sin faoin tionchar a d'fheadfadh a bheith aige seo ar an teacht amach d'earnáil rúpach seirbhísí soláthraithe go leictreonach B2C sa tír seo sna limistéir seo a leanas:

- Ábhar digiteach B2C, m.sh. íoslódáil scannáin agus ceoil, cluichí, ríomh-fhoghlaim;
- Dáileadh B2C digiteach de bhogearraí;
- Ríomh-fhoilsitheoireacht B2C, m.sh. rochtain ar-líne ar ábhar foilsithe, samhlaíocht;
- Bunachar sonraí ar-líne B2C, m.sh. seirbhísí dátaithe uathoibríocha;
- Cearrbhachas agus cluichí a imirt ar-líne, m.sh. pócair ar-líne, gealltóireacht, agus
- Seirbhísí Gníomhaireachta ina mbíonn coimisiúin íoctha ag an dtomhaltóir, m.sh. gníomhaire ostáin.

Chonclúidigh an staidéar sin sa phríomh áit, d'fhéadfadh réadú ar bhealach malartach don chúrsa sin chun an fhadhb ar a chuireadh aghaidh ag an earnáil a sheoladh tríd athbhreithniú molta den treoir. Ba chóir go lorgódh an t-athbhreithniú sin athrú sna rialacháin ag baint le seirbhísí soláthraithe go leictreonach B2C lena chinntiú go bhfuil CBL á ghearradh ag an ráta cuí i dtír an tomhaltóra.

Cuireadh torthaí agus conclúidí na tuarascála seo faoi bhráid na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta le measúnú, sa chomhthéacs den Treoir Eorpach maidir le cóireáil CBL de sheirbhísí soláthraithe go leictreonach i 2006.

## Dleacht Chaipitiúil

### Ina aighneacht don Bhuiséad 2005, d'achainigh Forfás don díobhadh de Dhleacht Chaipitiúil.

Cuireadh dleacht chaipitiúil ar bun in Éirinn i 1973 chun géilleadh leis an Treoir AE ar an gcomhchuibhniú de chánachas indíreach ar chomhlachtaí agus chomhpháirtíochtaí teoranta. Cheadaigh Treoir AE ina dhiaidh sin don díobhadh de Dhleacht Chaipitiúil ag Ballstáit mar a cheaptar é a bheith oiriúnach. Chuir an Ríocht Aontaithe, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Danmhairg, agus an Ungáir Dleacht Chaipitiúil ar ceal.

Ní mór do bhainc agus institiúidí airgeadais córas rátáilte inmheánach a chur ar bun chun riosca creidmheasa a mheas, de réir na Basel II Rules on Banking Supervision, ceadaithe i Meitheamh 2004. Bíonn costas breise ar airgeadais a ardú trí scairchaipiteal mar thoradh ar Dhleacht Chaipitiúil. Tá sé measta mar chonstaic ar chomhlachtaí gur mhian leo caipitliú a chur ar aghaidh d'fhonn rátaí creidmheasa tosaíochta a fháil, de réir forálacha Basel II.

Ina theannta, ceapadh go raibh Dleacht Chaipitiúil mar neamh-spreagadh féideartha do chomhlachtaí chun comhlachtaí sealbhóra a bhunú in Éirinn, le Dleacht Chaipitiúil gearrtha ar an gceist de scairchaipiteal ag fiaradh cumas iomaíochta Éirinn mar shuíomh do chomhlacht sealbhóra.

Ina chaint ar Bhuiséad 2005, d'fhógair an tAire Airgeadais, an tUasal Brian Cowan, T.D. laghdú i nDleacht Chaipitiúil go 0.5 faoin gcéad.

# 2

# Polasaithe chun stádas iomaíochta Éire a fheabhsú



Ní mór don tóir ar bhorradh eacnamaíochta inchothaithe, seirbhísí poiblí níos fearr agus an fhorbairt de gheilleagar eolais á thabhairt faoi ag bun fiontair atá iomaíoch go hidirnáisiúnta. Bhí an comhairliú ar pholasaithe le tacú ar cumas iomaíochta comhlán Éire mar ard-thosaíocht do Forfás le linn 2004.

## Annual Competitiveness Report and The Competitiveness Challenge

D'fhoilsigh an National Competitiveness Council (NCC) a seachtú Annual Competitiveness Report (ACR) and Competitiveness Challenge i nDeireadh Fómhair 2004. Soláthraíonn Forfás tacaíocht taighde agus rúnaíochta don National Competitiveness Council

In aghaidh bascaeid de 16 tír tháinig Éire:

### Príomh Láidreachtaí


- 1ú as 16 tír don ráta de cháin chorparáideach chaighdeánach;
- 1ú as 9 tír ar chríochnú tithíochta in aghaidh na bliana mar chéatadán de stoic tithíochta iomlán;
- 2ú as 16 d'onnmhairí de sheirbhísí tráchtála mar chéatadán den OTI;
- 1ú as 13 tír don líon céimithe innealtóireachta agus eolaíochta (% den daonra d'aois 20-29);
- 1ú as 9 tír d'infheistíocht ard-theicneolaíochta mar chéatadán d'infheistíocht chothromais phríobháideach iomlán; agus
- 4ú as 16 tír do ghníomhaíocht fhiontraíochta iomlán.

### Príomh laigí

- 13ú as 16 don fhairsingiú d'iomaíocht áitiúil (céim de 1 = is iomaíche);
- 15ú as 16 tír do bhonneagar dáilte;
- 11ú as 12 tír do stoc bonneagair; agus
- 9ú as 16 tír d'ualach riaracháin do dhaoine ag bunú.

Thug an Chomhairle faoi deara gurb é ceann de na láidreachtaí traidisiúnta den timpeallacht ghnó Éireannach san aimsir caite ná an ualach riaracháin éadrom atá in aghaidh gnóthaí beaga agus fiontraithe, i gcomparáid le tíortha eile. Fad is a d'admhaigh an Chomhairle go bhfuil beagnach gach rialúchán á chur i bhfeidhm do chúiseanna polasaí poiblí bailí, léiríodh imní gur chúlaigh Éire sna céimeanna. Ar an tionchar de rialúchán ar chruthú gnólachtaí, chúlaigh Éire go 7ú as 16 tír faoi thagarmharcáil i 2004 ó bheith sa chéad áit sa táscaire céanna san Annual Competitiveness Report 2003. Léiríonn an trochlú an imní méadaitheach ar chostas géilleadh leis an Aontas Eorpach agus rialúchán náisiúnta trasna speictream leathan. Seoladh an Competitiveness Challenge 2004, cáipéis pholasaí na Comhairle, ar aon chéim leis an ACR i nDeireadh Fómhair 2004. Sa Competitiveness Challenge rinne an Chomhairle 44 moladh ar leith, bunaithe ar an bhfianaise curtha ar fáil ag an ACR, chun comhairliú don Rialtas ar pholasaithe a fhorbairt chun stádas iomaíochta Éire a chothabháil agus a chur ar aghaidh níos mó. Bhí na moltaí dírithe ar thrí théamaí leathana:

- **Éire a fhorbairt mar Gheilleagar Bunaithe ar Eolas**
- **An Timpeallacht Rialúcháin do Thionscal a Fheabhsú**
- **Iomaíochas Costais Éire a Fheabhsú**




*Sa ghrianghraf tógtha ag an seoladh den National Competitiveness Council's Annual Competitiveness Report and Competitiveness Challenge tá an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an tUasal Micheál Martin, T.D.; Príomh Fheidhmeannach Forfás, an tUasal Martin Cronin, agus Cathaoirleach an National Competitiveness Council, an tUasal William Burgess.*

### Éire a fhorbairt mar Gheilleagar Bunaithe ar Eolas

Mhol an Chomhairle an leathnú-amach de chláir réamh-phríomha idirghabhála dírithe, chun rannpháirtíocht oideachais a mhéadú i gceantair de mhíbhuntáiste eacnamaíochta agus sóisialta.

Áirítear mar mholtaí eile:

- Infheistíocht phoiblí a chothú níos mó in eolaíocht agus i dteicneolaíocht thar dheireadh an Phlean Forbartha Náisiúnta (2000-2006) reatha;
- Aistriú eolais idir ollscoileanna agus tionscail a fheabhsú; agus
- Soláthar fónta d'eolaithe agus innealtóirí cáilithe a dheimhniú.

### An Timpeallacht Rialúcháin do Thionscal a Fheabhsú

Chonclúidigh an Chomhairle go bhfuil gá ar roinnt gníomhaíochtaí a thógáil chun timpeallacht rialúcháin do tionscail a chur ar aghaidh. Tá sé molta go mba chóir iarratais eolais ó ghníomhaireachtaí rialtais go comhlachtaí a dhaingniú trí theicneolaíocht a úsáid. Mhol an Chomhairle chomh maith gur chóir go dtugfadh ranna rialtais acmhainní níos mó le Regulatory Impact Analysis (RIA) chun tionchar rialúcháin nua ar iomaíochas a scrúdú. Níos sainiúla, mhol an Chomhairle gur chóir don Rialtas an Company Law Review Group a dheachtú chun an tAcht um Dlí Comhlachtaí 2001 agus Acht na gComhlachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003 a athbhreithniú mar chreideann an Chomhairle go bhfuil an reachtaíocht ag cruthú constaicí ar chomhlachtaí ar bhunú.

### Iomaíochas Costais Éire a Fheabhsú

Bunaithe ar an anailís rinne an Chomhairle moltaí lena n-áirítear:

- Go dtugtar cumhacht don Údarás Iomaíochta chun fíneálacha a ghearradh ar ghnólachtaí a sháraíonn dlí iomaíochta;
- Go bhfuil gá ar rialúchán níos fearr chun brú fána a chur ar phraghsanna; agus
- Go bhféadfadh an Rialtas obair chun boilsciú agus éilimh phá a laghdú trí mhéaduithe móra i ndleachtanna mháil, i CBL agus i bpraghsanna riartha a sheachaint.

## Ráiteas ar Phraghsanna agus Chostais

### D'fhoilsigh an Chomhairle a Ráiteas ar Phraghsanna agus Chostais i Meán Fómhair 2004.

Chun cabhrú leis an gComhairle ina breithiúnais, rinneadh coimisiúnú ar thuarascáil ar Iomaíochas Pá agus Praghsanna in Éirinn. Cuireadh praghsanna tomhaltóra agus costais ghnó Éireannacha i gcomparáid le bascaeid de thíortha agus fuarthas nach bhfuil costais Éire ar aon dul le geilleagair arda eile. Conclúidigh an ráiteas:

- Go ndeachaigh ráta boilscithe tomhaltóra Éire thar mheán an chrios euro agus an EU15 do na seacht mbliana seo caite;
- Sna cúig bliana go Eanáir 2004, tharla 68 faoin gcéad den bhoilsciú sna hearnálacha neamh-trádáilte agus chuir cinnidh ag an Rialtas agus a chuid ghníomhaireachtaí agus rialaitheoirí 7.9 faoin gcéad leis an ráta boilscithe iomlán; agus
- Go n-íocann gnáth úsáideoir leictreachais tionscail costais leictreachais 40 faoin gcéad níos airde in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe.

## Forfheidhmiú den NCC Moltaí

Chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta meicníocht ar siúl chun monatóireacht a dhéanamh ar cé méid a chuirtear moltaí NCC i bhfeidhm ag an Rialtas. Thug an Rialtas faoi a lán gníomhaíochtaí polasaí atá ar aon dul leis na moltaí i Ráitis na Comhairle agus san Competitiveness Challenge 2004. Rinne an Rialtas:

- Saoráid ar chonstaicí cainníochta ar áitribh i dteideal alcól a dhíol;
- Acmhainní an Údaráis Iomaíochta a mhéadú;
- Leanúint ar chánacha díreacha a choimeád íseal;
- Ní dhearna sé, sa phríomh áit, cánacha indíreacha a mhéadú; agus
- Alt 45 de Acht na gComlachtaí (Iniúchadh agus Cuntasaíocht) 2003, ag tagairt do Ráitis Géilliúlachta Stiúrthóirí a tharchur don Company Law Review Group (CLRG).

## Ag freagairt ar Rialúcháin AE

### *Earnáil Cheimiceáin*

I rith 2004 d'oibrigh Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun tabhairt faoi mheasúnú tionchair rialaithe ar an rialúchán REACH molta ar phríomh earnálacha sa Gheilleagar Éireannach agus chun stádas náisiúnta idirghabhála Éire ar REACH a chur in iúl.

Tá REACH (Registration, Evaluation and Authorisation of Chemicals) mar rialúchán molta de Choimisiún Eorpach ar mhaithe le reachtaíocht a chur ar aghaidh chun déileáil le ceimiceán san Aontas Eorpach. Ceapadh comhairleoirí ag Forfás chun tabhairt faoi staidéar a rinne an tionchar poitéinsiúil ar na príomh earnálacha a mheas, lena n-áirítear ceimiceán, cógaisíochta, iompórtálaithe ceimiceáin, agus úsáideoirí thíos srutha lena n-áirítear TFC, bia/deoch/tobac, clódóireacht agus foilsitheoireacht agus teicneolaíochtaí leighis.

Aithníonn an staidéar na buntáistí féideartha i leith sláinte agus timpeallacht atá cosúil a bhíonn mar thoradh ar REACH a chur i bhfeidhm. De réir an staidéir is cosúil go mbeidh tionchar ar an earnáil cheimiceáin, an earnáil TFC agus fiontair bheaga agus mheánacha ar an méid is mó, le himpleachtaí níos lú don earnáil teicneolaíochtaí leighis agus an earnáil chógaisíochta (a bhfuil a dtáirgí clúdaithe cheana ag reachtaíocht eisiacha). Foilsíodh an staidéar in Aibreán 2005.

Leanann Forfás ag obair leis an gCoiste Idir-Rannach a bunaíodh chun impleachtaí an rialúcháin REACH molta d'Éire a scrúdú. Tá an Coiste faoi chomh-chathaoir ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus áirítear ionadaíocht ó Ranna agus Ghníomhaireachtaí eile (Ranna Sláinte agus Leanaí, Airgeadais agus Talmhaíochta; HSA; EPA; Enterprise Ireland; agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann). Tugann an Grúpa Idir-Rannach comhairle ar an stádas náisiúnta gur chóir a ghlacadh ag idirghabhálacha AE. Tá an Grúpa ag dul i gcomhairle le tionscal agus geallshealbhóirí eile agus táthar ag obair ar mhaithe leis an rialúchán deireanach do-oibrithe a dheimhniú agus lena aidhmeanna a bhaint amach de sláinte daonna agus an timpeallacht a chosaint, fad is cumas iomaíochta an tionscail a fheabhsú.

### *Athrú Aeráide*

Tá Forfás mar bhall den National Allocation Advisory Group (NAAG), a chabhraigh le forbairt an National Allocation Plan (NAP).

Ceadaíodh an Irish National Allocation Plan 2005-2007, a dháileann liúntas $CO_2$ do ghnólachtaí fuinnimh fairsinge bainteach san European Emissions Trading Scheme, ag an gCoimisiún Eorpach in Iúil, 2004. Tháinig an Emissions Trading Scheme i bhfeidhm in Eanáir, 2005.

Tá Forfás mar bhall den National Allocation Advisory Group (NAAG), a chabhraigh le forbairt an National Allocation Plan (NAP). Bhunaigh Forfás Industry Liaison Group, chun dearcaidh thionscal ar an ábhar tábhachtach seo a chur le chéile.

Tarraingeofar suas an dara National Allocation Plan thar an mbliain seo chugainn chun an tréimhse ó 2008-2012 a chlúdach, agus oibreoidh Forfás le IDA Ireland agus Enterprise Ireland chun dearcadh fhiontair a chur in iúl.

# Bonneagar

Tá ról gníomhach ag Forfás i gcomhairliú an Rialtas ar bhonneagair riachtanacha chun timpeallach tacaíochta agus iomaíochta a chur ar fáil do chomhlachtaí dúchasacha agus chun infheistíocht díreach eachtrach a mhealladh.

### *Seachadadh de Leathanbhanda*

D'fhoilsigh Forfás Broadband Telecommunications Benchmarking Study i Samhain 2004.

Tá an staidéar mar thagarmharc ar fheidhmíocht Éire in aghaidh 21 ard-gheilleagar eile. Aithníonn an staidéar an cur chun cinn suntasach i 2004 i dtéarmaí naisc leathanbhanda méadaithe, laghdaithe sa chostas de sheirbhísí DSL bunúsacha agus an seoladh de Metropolitan Area Networks. D'ainneoin forbairtí mar seo, leanann Éire fál ar thíortha iomaíochta i leith tógáil-suas leathanbhanda iomlán agus an soláthar de sheirbhísí nuálaíochta níos airde. Tá an easpa borradh réadach i dteicneolaíochtaí iomaíochta agus easpa iomaíochta agus nuálaíochta laistigh den mhargadh DSL mar na príomh chúiseanna do stádas Éire. Beidh sé riachtanach chun leanúint ar fhorbairt d'iomaíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn laistigh den mhargadh leathanbhanda, chomh maith le meabhraíocht agus éileamh d'ábhar agus d'iarratais leathanbhanda a chur chun cinn.

### *Fuinneamh*

D'oibrigh Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus na gníomhaireachtaí forbartha chun an tionchar de chúrsaí fuinnimh ar chumas iomaíochta ag fás agus an fhorbairt eacnamaíochta fadtéarmach den tír a shoiléiriú

I rith 2004, thug Forfás faoi athbhreithniú de phraghsanna leictreachais in Éirinn agus aithníodh gur mhéadaigh táillí tionscail foilsithe ar an méid ó 2000 go bhfuil Éire anois mar an tríú tír is daoire san AE (i ndiaidh an Iodáil agus an Chipir). Tá táillí tionscail Éireannacha foilsithe 26 faoin gcéad níos airde ná an meán don EU-25. Is féidir le costas fuinnimh a bheith mar chéatadán suntasach de chostais tionscail iomlán. Threoraigh fo-infheistíocht agus méadú gasta in éileamh fuinnimh ar chúis imní faoi chumas den earnáil leictreachais chun an borradh sin a chur ar siúl ag costas iomaíoch agus chun obair i dtreo leathnú eacnamaíochta níos mó.

In Eanáir 2005, d'fhógair an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a rún chun tabhairt faoi athbhreithniú de pholasaí fuinnimh thar na sé go naoi mí le teacht. Fáiltíonn Forfás an fhógairt sin agus oibreoidh sé leis an Roinn agus le ranna eile ina fhorbairt.

Sna áireamh sna príomh thosaíochtaí tionscail tá an gá do:

- Dheimhniú go mbíonn infheistíocht fhónta i nginiúint agus i dtraiseoladh réigiúnach agus bonneagar dáilte;
- Iomaíochas agus rogha a fhorbairt sa mhargadh ar a bheidh éifeacht agus praghsáil iomaíochta níos mó mar thoradh; agus
- Chinnteacht níos mó i slándáil soláthair agus praghsáil.

# Forbairt Réigiúnach

### *Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha*

Thug Forfás agus na gníomhaireachtaí forbartha leis an bhforbairt de na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, ag deimhniú go raibh na riachtanais fhiontair léirithe.

Leagann an National Spatial Strategy (NSS), foilsithe i 2002, plean 20 bliain amach do chothroime réigiúnach níos mó. I rith 2004, d'fhoilsigh gach Údarás Réigiúnach Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha, deartha chun creatlach leathan a chur ar fáil don fhorfheidhmiú den NSS ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil a chur ar an eolas. Mar phríomh thiománaithe de bhorradh réigiúnach, tá gá go bhforbraíonn na bailte 'gateway' comharthaithe toirt chriticiúil chun infheistíocht díreach eachtrach a mhealladh agus chun bonn iomaíochta óna bhféadfadh deis éabhlóide agus fáis do chomhlachtaí dúchasacha a chur ar fáil.

### *Staidéar ar Gateways*

Mar fhreagairt ar mholtaí na tuarascála ESG, thosaigh Forfás agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2004, comh-staidéar chun an slí gur féidir an fhorbairt de gateways a spreagadh a aithint.

Soiléiríonn an Tuarascáil ESG, Ahead of the Curve, foilsithe in Iúil 2004 an ról criticiúil atá ag bonneagar i bhforbairt réigiúnach a chumasú. Ní mheallfaidh réigiúin fiontar mura bhfuil an bonneagar agus na háiseanna acu a ligeann dóibh bheith iomaíoch chun trádáil agus infheistíocht a fháil. Molann an tuarascáil infheistíocht tosaíochta i gateways

agus imleacáin comharthaithe ag an NSS, na príomh thiománaithe do fhorbairt réigiúnach. Tá súil go mbeidh an tuarascáil comhlánaithe faoi Mheán Fómhair 2005 agus curtha faoi bhráid an Choiste Idir-Rannach ar an NSS do measúnú.

## Scileanna agus Traenáil

Ó dhearcadh fiontraíochta, tá cumas an chórais oideachais chun freagairt go solúbtha ar athrú eacnamaíochta agus sóisialta criticiúil don fheidhmiú den gheilleagar. Bhí an Expert Group on Future Skills Needs bunaithe ag an Rialtas i 1997 chun comhairle a thabhairt don Rialtas ar chúrsaí soláthair saothair agus scileanna, riachtanais scileanna earnála agus traenáil do ghnó agus d'oideachas. Tá ballraíocht comhshuite le hionadaithe fostaithe, oideachais agus gnó. Gníomhaíonn ranna rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit i ról comhairleora don Ghrúpa. Soláthraíonn Forfás taighde agus tacaíocht riaracháin don Ghrúpa.

In Eanáir 2004 cuireadh an National Training Advisory Committee (NTAC) leis an Expert Group agus leathnaíodh sainordú an Ghrúpa chun an straitéis iomlán do thraenáil fhiontraíochta; aitheantas de dhea-chleachtas; tosaíocht a thabhairt do riachtanais traenála na hearnála fiontair agus gnéithe ábhartha den National Training Fund.

D'aithin an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta na réimsí tosaíochta a leanas le haghaidh oibre sa todhchaí ag an EGFSN i 2004:

- Cur i bhfeidhm de mholtaí molta i dTuarascálacha EGFSN roimhe seo;
- Taighde ar scileanna agus inniúlacht á bhaint amach ag céimithe ag glacadh páirt i gcúrsaí oideachais áirithe;
- Ionchur isteach ar pholasaí imirceach scil-bhunaithe; agus
- Athbhreithniú de réamhaisnéisí reatha de riachtanais scileanna earnálacha.

I rith 2004, thug an Grúpa faoi staidéir ag scrúdú riachtanais scileanna don todhchaí d'earnálacha tábhachtacha ar leith. Rinne na tuarascálacha foilsithe moltaí sna réimsí seo a leanas:


- Cumas díolacháin, margaíochta agus nuálaíochta;
- Soláthar agus éileamh ar thaighdeoirí; agus
- Traenáil d'iad siúd ag obair.

### *Innovative Market Sell – A Review of the Sales, Marketing and Innovation Capabilities of Irish Exporting SMEs*

Ullmhaíodh Innovative Market Sell do Forfás, Enterprise Ireland, Bord Bia agus the Expert Group on Future Skills Needs agus foilsíodh é i Samhain 2004. Leag an tuarascáil béim ar an dtábhacht chriticiúil de chumais díolacháin, mhargaíocht agus nuálaíochta don rath sa todhchaí de fhiontar bheaga agus mheánacha easpórtála Éireannacha.

Cuireann an Tuarascáil soláthar níos mó de chláir earnáil-áirithe ag soláthraithe traenála ina luí. Iarrann chomh maith ar institiúidí ard-oideachais chun a gcuraclaim díolacháin agus margaíochta a ailíniú níos dlúithe le riachtanais fhiontair bheaga agus mheánacha, chun modúil i ndíolacháin agus margaíocht a chur ar fáil do mhic léinn de dhisciplín teicniúla agus chun taithí oibre tionscail a dhéanamh mar chuid comhtháite de gach clár céime díolacháin, margaíochta agus gnó.  Lorgaíonn an Tuarascáil an leathnú de Innovation Management Programme Enterprise Ireland chun traenáil scileanna bunúsach i mbainistíocht próisis nuálaíochta do fhoireann mhargaíochta agus teicniúla araon deartha go háirithe chun riachtanais fhiontair bheaga agus mheánacha a chomhlíonadh.

*Sa ghrianghraf den seoladh den Innovate Market Sell Report tá an tUasal Martin Cronin, Príomh Fheidhmeannach, Forfás agus an tUasal Michael Ahern T.D., an tAire Trádála agus Tráchtála.*



### *Ráiteas ar Mholtaí a Chur i bhFeidhm*

I ndiaidh an cheapadh den Chathaoirleach nua, Anne Heraty Uasal, in Eanáir 2004, d'athbhreithnigh an EGFSN an cur chun cinn déanta ar a mholtaí go léir go dtí seo.

Go hiomlán d'aimsigh an t-athbhreithniú gur rinneadh dul chun cinn suntasach i mórán réimsí. I measc na n-éachtaí áirithe déanta bhí:

- Méaduithe suntasacha in áiteanna cúrsa traenála agus tríú leibhéal;
- Gairm bheatha in eolaíocht, teicneolaíocht agus innealtóireacht a chur chun cinn;
- Straitéisí nithiúla chun taighdeoirí eachtracha a mhealladh; agus
- Bunú de bhunachar sonraí traenála/traenálaithe náisiúnta cuimsitheach (óstaithe ag FÁS).

Shoiléirigh an t-athbhreithniú an cur chun cinn réasúnta i leith moltaí sa 2002 Report of the Task Force on Lifelong Learning a chur i bhfeidhm agus léiríodh imní ag leibhéil ísle litearthachta.

I rith 2004 chuir an Expert Group on Future Skills Needs ionchur ar fáil chomh maith ar phróisis athbhreithnithe tábhachtacha ar leith lena n-áirítear:

- *Your Education System Review* ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta;
- OECD Review of Higher Education in Ireland; agus
- Forum on the Workplace of the Future.

## Tradáil

### *Draft Directive on Services in the Internal Market*

I rith 2004 rinne Forfás staidéar, thar ceann na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ar thionchar poitéinsiúil an draft Directive on Services in the Internal Market.

Tá moladh an Choimisiúin do Directive on Services in the Internal Market mar chuid den phróiseas leasaithe eacnamaíochta faoin Lisbon Agenda. Dírítear ar chreatlach dleathach a fhoráil chun constaicí riachtanacha a dhíothú ar shaoráil bunaithe do sholáthraithe seirbhíse agus an gluaiseacht saor de sheirbhísí idir Ballstáit – dhá cheart bunúsach geallta ag an Aontas Eorpach.

Tá trí phríomh fhorálacha sa draft Directive:

- An fhorbairt de chóras sofaisticiúil de ríomh-rialtas, ar a beadh gach gnáthamh maidir le soláthar seirbhíse le comhlánú go leictreonach faoi 2009
- Rialú níos fearr den mhargadh inmheánach, a athbhreithneoidh rialúcháin Baillstáit chun a dheimhniú nach bhfuil soláthar seirbhísí barradh faighte ag rialacha lucht saothair agus caipitiúla i mBallstáit tugtha; agus
- Leanfaidh Mutual Recognition of Standards, ar a mbíonn soláthraithe seirbhíse á rialú ag a mBallstáit féin, fiú má fheidhmítear i mBallstáit eile. Tá neamhchinnteacht leanta maidir le todhchaí na Treorach Seirbhísí.

Measann staidéar Forfás buntáiste suntasach don gheilleagar Éireannach, mar a éiríonn earnálacha fothainiúil roimhe sin nochta ar iomaíocht eachtrach. Dhírigh an 2004 Enterprise Strategy Group Report ar phoitéinseal borradh áirithe in earnálacha agus gníomhaíochtaí seirbhíse ar nós oideachas, maoin intleachta, díolacháin agus margaíocht, foirgníocht agus seirbhísí cúraim shláine de barr laghdaithe constaicí trí fhorbairtí WTO agus AE. Measann staidéar ag an Netherlands Bureau for Economic Policy Analysis níos mó go bhféadfadh an Directive méadú de 15-35 faoin gcéad i dtrádáil agus IDE i seirbhísí a chumasú. De réir a chéile, tugann Éire tacaíocht de ghnáth do na prionsabail Directive tugtha do bhuntáistí eacnamaíochta teilgin.

### *Tuarascáil Infheistíochta agus Trádála, 2004*

Lorg Forfás an timpeallacht ar éabhlóid do thrádáil agus infheistíocht domhanda tríd a Trade and Investment Report a foilsíodh in Aibreán 2005.

Thaispeáin an Tuarascáil gur fhás trádáil marsantacht domhanda faoi 4.5 faoin gcéad i 2003, a ráta méadaithe is mó ó 2000, de bharr go mór mhór an comhall de mhargaí Áise. D'ainneoin é sin, d'fhás an méid onnmhairí marsantachta Éireannacha faoi chonradh i 2003 faoi 3.7 faoin gcéad. Mar sin de, díríonn an Tuarascáil ar chomharthaí athghabhála mar d'fhás onnmhairí Éireannacha faoi 11 faoin gcéad i dtéarmaí luachála. Tá an t-easnamh trádála i seirbhísí ag a leibhéal is ísle ó 1999.


Thaispeáin an Tuarascáil níos mó go seasann sreabhadh idirnáisiúnta d'infheistíocht díreach eachtrach faoi chonradh don thriú bhliain leantach i 2003 ag $560 billiún. Laghdaigh sreabhadh isteach go hÉireann go €23.8 billiún, de bharr go príomha ar chúlú in sreabhadh taifeadta don International Financial Services Centre.

## Consumer Strategy Group

Thug Forfás tacaíocht riaracháin agus taighde don Consumer Strategy Group, a d'fhoilsigh a Tuarascáil i mBealtaine 2005.

Déanann tomhaltóirí maithe gnó maith. Tá poitéinseal ag tomhaltóirí urrúsach, sofaisticiúla agus eolach comhall gnó a thiomáint agus atá mar chuid éigeantach de gheilleagair tiomanta ag nuálaíocht.

I Márta 2004 bhunaigh an Tánaiste a bhí mar Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag an am an Consumer Strategy Group chun iad a mholadh agus chun moltaí a dhéanamh don fhorbairt ar straitéis polasaí tomhaltóra. Chuir Forfás tacaíocht riaracháin agus taighde ar fáil don Ghrúpa




D'fhoilsíodh tuarascáil an Consumer Strategy Group i mBealtaine May 2005. Aimsíodh tomhaltóirí Éireannacha faoi mhíbhuntáiste agus go bhfuil easpa guth tomhaltóra láidir in Éirinn. Breathnaíodh ar Éire mar thír a chúlaíonn i ndiaidh tíortha eile chun ról suntasach a aithint a d'fhéadfadh tomhaltóirí urrúsach agus cumhachtaithe a imirt i bhforbairt sóisialta agus eacnamaíochta

Bhí gá ar gníomhaíochtaí cur i bhfeidhm eisiacha déanta amach ag an Office of the Director of Consumer Affairs á fhorlíonadh ag gníomhaíochtaí sa réimse de thaighde, abhcóideacht, eolas agus oideachas agus meabhraíocht.

Áiríodh mar eochair moltaí den tuarascáil:

- An bunú de National Consumer Agency; agus
- An díobháil den Groceries Order.

Rinneadh eochair moltaí eile maidir le deoch a dhíol, cógaisíocht, an teorainn reatha sa chúirt um mhion-éileamh, agus athrú rialaithe agus an fhoráil de ghuth tomhaltóra láidir sna réimsí d'iompar, phleanáil agus fóntais poiblí. Ag leibhéal an Rialtais, bhí sé molta go mbeadh gach cinneadh díothaithe don thomhaltóir. Maidir le gnó agus an tomhaltóir, moladh an cur chun cinn de chóid chleachtais agus an bunú de bhoird gearáin earnála príobháideacha.

*Sa ghrianghraf tógtha ag an seoladh de Make Consumers Count: A New Direction for Irish Consumers –the Report of the Consumer Strategy Group ná an t-Uasal Micheál Martin, T.D., an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Ann Fitzgerald Uasal, Cathaoirleach, an Consumer Strategy Group.*




D'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an t-Uasal Micheál Martin T.D. an bunú de Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra nua le cúraim leathnaithe chun leasacha tomhaltóra a chur ar aghaidh agus a chosaint. Beidh an Bord Eatramhach den Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra faoi chathaoirleach Ann Fitzgerald, CEO of the Irish Association of Investment Managers, a bhí mar chathaoirleach den Consumer Strategy Group chomh maith.

Tosóidh an Bord Eatramhach pleanáil láithreach don struchtúr agus feidhmeanna deiridh den Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóra nua agus déanfar obair tosaigh amach sa réimse de mheabhraíocht tomhaltóra, abhcóideach agus oideachas.

D'fhógair an tAire chomh maith:

- An bunú de Choiste Idir-Rannach chun gach moladh den CSG a scrúdú agus ais-thuairiciú a dhéanamh ar an Rialtas le mion phlean cur i bhfeidhm laistigh 3 mhí;
- Próiseas comhairliú poiblí ar an dtodhchaí den Groceries Order le comhlánú faoi dheireadh mí Iúil; agus
- Athbhreithniú de reachtaíocht chosanta tomhaltóra reatha ar a mbíonn mar chuspóir corp dlí sa réimse sin a nua-aimsriú agus a chódú, mar atá molta ag an CSG ina dTuarascáil, d'fhonn go léiríonn an dlí riachtanais den thomhaltóir nua-aimseartha.

**Tá poitéinseal ag tomhaltóirí urrúsach, sofaisticiúla agus eolach comahll gnó a thiomáint agus táthar mar chuid éigeantach de gheilleagair faoi chinnreacht nualaíocht**

# 3

# Cumas eolaíochta, nuálaíochta agus teicneolaíocht na hÉireann a thógáil chun riachtanais gheilleagair nua-aoiseach atá ag dul in éabhlóid a chomhlíonadh



Ag tógáil cumas forbartha agus taighde chun forbairt de tháirgí agus seirbhísí a thacú mar chuid éigeantach de bhuntáiste iomaíochta Éire ag dul ar aghaidh. Tá ár gcumas chun an cumas sin a aistriú mar bhuntáiste sóisialta agus eacnamaíochta réadach mar dhúshlan suntasach.

## Ireland’s National R&D Action Plan

Thacaigh Forfás an Grúpa Idir-Rannach san fhorbairt de Ireland's National R&D Action Plan – Building Ireland's Knowledge Economy. Leag an plean síos spriocanna dírithe ar T&F Éire a mhéadú go 2.5 faoin gcéad de OTN faoi 2010 ó 1.4 faoin gcéad, le dhá-trian den mhéadú le teacht ón earnáil fiontair.

Go luath i 2003, d’fhógair an Tánaiste agus ansin an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Mary Harney Uasal, T.D., an bunú de Grúpa Stiúrtha Idir-Rannach ard leibhéal chun impleachtaí de eochar polasaí European Research Area a mheasúnú agus bhí Irish Action Plan a ullmhú. Bhí an Plean á chur faoi bhráid an Tánaiste i Lúnasa 2004 agus á fhormhiniú ag Rialtas.

Leagann an Plean Gníomhaíochta radharc den ranníocaíocht ab fhéidir taighde agus forbairt a dhéanamh do fhorbairt Éire mar gheilleagar eolas-bhunaithe: "Ireland by 2010 will be internationally renowned for the excellence of its research and will be at the forefront in generating and using new knowledge for economic and social progress, within an innovation driven culture."

Glaoitear ar athrú céime ar chomhall T&F, go háirithe san earnáil fiontar, d’fhonn fostaíocht agus cumas iomaíochta i ngeilleagar eolas-bhunaithe domhanda go méadaitheach a fhothú. Molann an Plean Gníomhaíochta na spriocanna a leanas d’Éire le bhaint amach faoi 2010:

- Ba chóir infheistíocht gnó san T&F a mhéadú ó €917 milliún i 2001 (0.9 faoin gcéad OTN) go €2.5 billiún i 2010 nó 1.7 faoin gcéad OTN;
- ba chóir an uimhir de chomhlachtaí dúchasacha le íos-scála gníomhaíochtaí T&F (níos mó ná €100,000) a dhúbailt, ó 525 i 2001 go 1,050 i 2010;
- ba chóir an uimhir de fhiontair dúchasacha ag feidhmiú T&F suntasach (níos mó ná €2 milliún) a mhéadú ó 26 i 2001 go 100 faoi 2010;
- ba chóir an uimhir de chomhghleacaithe eachtracha le híos-scála gníomhaíocht T&F (níos mó ná €100,000) a dhúbailt, ó 239 i 2001 go 520 ar a laghad faoi 2010;
- ba chóir an uimhir de chomhghleacaithe ag feidhmiú leibhéil suntasach de leibhéil T&F (níos mó ná €2 milliún) a mhéadú ó 47 i 2001 go 150 faoi 2010; agus
- Ba chóir go méadódh comhall T&F sna hearnálacha poiblí agus ard-oideachas ó €422 milliún i 2001 (0.4% OTN) go €1.1 billiún i 2010 (0.8 faoin gcéad OTN).

Moltar ar réimse gníomhaíochtaí chun baint amach na spriocanna seo a leanas a thacú:

- Cúltúr naisiúnta onn-nuálaíocht a thacaíonn airegán, tógáil-riosca agus fiontraíocht a fhorbairt;
- Ath-treochuí ar bhuiséad tacaíochta fiontair don T&F agus bealach nua agus maorlathach níos lú do thacaíocht T&F a fhorbairt a thacaíonn le bealach leanúnach agus córasach ar T&F laistigh fiontair;
- Tacú go láidir le forbairt d’inniúlacht taighde straitéiseach (ardáin teicneolaíochta) bunaithe ar riachtanais fiontair;
- Margadh caipitil síol a fhorbairt do fhiontair ag céim luath;

- Plean náisiúnta a fhorbairt chun comhall, táirgiúlacht agus éifeacht taighde a mhéadú sna hearnálacha poiblí agus ard-oideachas;
- Tiomantas Éire ar chur ar aghaidh cáil idirnáisiúnta ar thofacht taighde a chothú;
- Éire a dhéanamh mar thimpeallacht mealltach go mór do thaighdeoirí agus saoil taighde ard-cháilíochta; agus
- Forbairt de shaineolas cumas trádálach taighde éigeantach chun taighde tapa agus éifeachtach sna hearnálacha taighde poiblí agus taighde san ard-oideachas ag fiontar a dhúshaothrú.

Bhunaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Inter-Agency Science, Technology and Innovation Policy Forum i Lúnasa 2004 chun freagairt comhordaithe ar mholtaí in roinnt tuarascálacha polasí agus measúnaithe le déanaí ar chóras nuálaíochta agus taighde in Éirinn, an Plean Gníomhaíochta san áireamh. Tá Forfás mar bhall den Fhóram sin atá ag cur ionchur ar fáil ar an obair sin den Inter-Departmental Committee on Science, Technology & Innovation. Tá an Inter-Departmental Committee a thacaíonn an Choiste Chomh-aireachta ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, le Strategic Implementation Plan a chur faoi bhráid an Rialtais i lár 2005.

### *A Model to Predict the Supply and Demand for Researchers and Research Personnel*

Tá staidéar, foilsithe i Meán Fhómhair 2004, ar an soláthair agus éileamh do thaighdeoirí agus pearsanra taighde in Éirinn á thabhairt faoi ag an EGFSN agus Forfás le cabhrú san ullmhúcháin den Report to the Inter-Departmental Committee on Science, Technology and Innovation, Building Ireland's Knowledge Economy - The Irish Action Plan for Increasing Research and Development to 2010.

Teilgeann an stáidéar, bunaithe ar treochtaí reatha, go bhféadfadh Éire ganntanas de 3,600 taighdeoir ar a laghad thar an tréimhse go 2010 a thaithiú mura mbíonn céimeanna tógtha chun soláthair tís a mhéadú. Is iad na príomh réimsí ina dtilgeann ganntanas taighdeoirí a theacht chun cinn ná sna disciplín ábhartha le cógaisíocht /biteicneolaíocht agus TFC. Glaonn an tuarascáil ar chomhardú de sholáthair sa todhchaí le héileamh chun a dheimhniú gur fhéidir le hÉire tógáil níos mó ar a infheistíocht san T&F agus buntáiste lán a ghlacadh de na deiseanna a sholáthraíonn bonn T&F a chur ar aghaidh. Chuirfeadh ganntanas scileanna san réimse sin teorainn ar ár gcumas chun buntáiste ar bhorradh san ghníomhaíocht taighde criticiúil sna hearnálacha sin a thógáil.

## Tofacht sa Taighde Eorpach a Chur Chun Cinn

I rith 2004, d'oibrigh Forfás go dlúth leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar conas is fearr tofacht de thaighde bunúsach a chur ar aghaidh san Eoraip.

- Áirítear i dtosachtaí taighde Uachtaránacht Éire tiomantas chun díospóireachtaí ar riachtanais de cháilíocht taighde bunúsach do fhorbairt sóisialta agus eacnamaíochta a chur ar aghaidh a fhorchéiminú. Maidir leis sin, thionóil Forfás agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, faoi choimirce Uachtaránach Éire den AE, agus i gcomhpháirtíocht le Coimisiúin na hEorpa, siompóisiam ard-leibhéal dar teideal Europe's Search for Excellence in Basic Research i gCaisleán Átha Cliath i leith soiléireacht níos mó a thabhairt ar chúrsaí ag baint le taighde bunúsach san Eoraip agus chun réimsí fhéideartha comhaontais a aithint.
- Mar fhreagairt don European Commission's Communication Basic Research in Eanáir 2004, d'eisigh an ICSTI dhá Ráiteas ar an ábhar. Mheas an Chomhairle gur tháinig an díospóireacht ar cháilíocht taighde san Eoraip ag uair oiriúnach nuair atá coincheapa tosaigh don Seventh Framework Programme (2006-2010) á fhorbairt agus dearcaidh airgeadais nua á idirghabháil. Tacaíodh an tuairim gur chóir áiseanna breise a chur ar fáil sna EU Framework Programmes chun tofacht i dtaighde bunúsach ag leibhéal Eorpach a thógáil.

### *Rannpháirtíocht Éireannach in FP6*

Cuireann Forfás, ar iarratas an Office of Science and Technology (OST), comhairle polasaí ar fáil agus déantar monatóireacht ar rannpháirtíocht Éireannach sna EU Framework Programmes.

Tá an Sixth Framework Programme (FP6) for Research and Technological Development and Demonstration mar phríomh ionstraim an Aontais Eorpaigh don mhaoiniú de thaighde san Eoraip. Is é an maoiniú iomlán ar fáil do thaighde ná €19.5 billiún thar an tréimhse 2002 go 2006. De sin, tá timpeall de €2.1 billiún ar tí do mhaoiniú fiontar bheaga agus mhéanacha. Is iad na táscairí tosaigh d'Éire in FP6 ná go bhfuil rannpháirtíocht os cionn FP5, ag fáil ar €110 milliún don chéad dhá bhliain den chlár. Bhí institiúidí tríú leibhéal agus fiontair níos mó ag feidhmiú go maith in FP6, ach ní raibh fiontair bheaga agus mhéanacha.



*Sa ghrianghraf tógtha at seoladh Ireland's National R&D Action Plan – Building Ireland's Knowledge Economy tá (ina seasamh) C-D an Dr Leonora Bishop, Ball, an Irish Council for Science, Technology & Innovation; an t-Uasal Ned Costello, Cúntóir Rúnaí, Office of Science & Technology, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; an t-Uasal Martin Cronin, Príomh Fheidhmeannach, Forfás; an t-Uasal Seamus Bannon, Bainisteoir, Roinn Nuálaíochta, Forfás, an t-Uasal Declan Hughes, Bainisteoir, Roinn Polasaí E&N, Forfás, (ina suí) C-D an Dr Conor O'Carroll, Conference of Heads of Irish Universities; Mary Harney Uasal, T.D., Tánaiste agus ansin an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus an t-Uasal Dan Maher, ACT Venture Capital.*

In Eanáir 2004, rinne an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iarratas ar Forfás chun an ceist rannpháirtíochta a scrúdú (is é sin., baint sna moltaí) agus comhall (is é sin., rath i maoiniú a dhaingniú) de fhiontair bheaga agus mhéanacha san Sixth Framework Programme (FP6).

Ag ardú ón staidéar, rinneadh moltaí ag leibhéal náisiúnta agus AE. Go náisiúnta bhí sé molta go n-úsaidtear bealach níos dírithe i margaíocht FP6 do fhiontair bheaga agus mhéanacha atá cosúlacht buntáiste a bhaint as rannpháirtíocht.

## EU Proposals for Seventh Framework Programme for Research 2007-2013

I Meitheamh 2004, ar iarratas na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíocht, thionscain Forfás próiseas náisiúnta comhairliú ar mholtaí an Choimisiúin Eorpaigh don Seventh Framework Programme for Research 2007-2013. Áiríodh é sin iarratas ar aighneachtaí agus ceardlainne le tionscail agus taighdeoirí acadúla agus ullmhaíodh freagairt náisiúnta do dhíospóireachtaí an EU Competitiveness Council in Iúil agus i Samhain 2004.

Tugann Éire tacaíocht do na moltaí chun tosaíocht níos mó a thabhairt do mhaoiniú do thaighde agus fhorbairt, chomh fada is atá buiséad taighde AE á chaitheamh i slí a chuireann le tionscnaimh náisiúnta.

Ba chóir an Framework Programme a leanúint timpeall tionscnaimh eisieacha chun:

- Taighde trans-náisiúnta comhoibrithe a altramú i réimsí téamúla;
- Eoraip a dhéanamh níos tarraingtí do thaighdeoirí chun a saoil gairme a oibriú agus a fhorbairt (ag áireamh bearta chun soghluaiseacht taighdeoirí trasna Eoraip a éascú); agus
- Bearta a chur ar siúl chun cumas taighde de fhiontair bheaga agus mheánacha Eorpacha a thógáil agus chunmaorlathas a laghdú agus chun nósanna imeachta oibríochtaí agus riaracháin a shimpliú

## D'ullmhaigh Women in Science, Engineering and Technology

Forfás, thar cheann an Office of Science and Technology ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tuarascáil náisiúnta i 2004 ar Women in Science, Engineering and Technology (SET) in Ireland chun forbairtí ar bhearta, staidéir, bailiú sonraí, tionscnaimh, ceardlanna agus comhdhálacha polasaí agus araile bainteach le mealladh agus coiméad mná in SET in Éirinn.

Faoi láthair tá 10,200 taighdeoir i dtionscail, sna hearnálacha taighde poiblí agus ard-oideachas ag Éire. Tá sé teilgthe go mbeidh gá ar Éire ionann agus 8,000 taighdeoir breise thar an tréimhse go 2010 d'fhonn a spriocanna borradh a bhaint amach sa ghníomhaíocht forbairt agus taighde.

Tá sé ordaitheach go uasmhéadaíonn Éire an cur ar fáil den a acmhainní daonna chun an soláthar leantach de chéimithe le scileanna teicneolaíochta, innealtóireachta agus eolaíochta a dheimhniú. Mar eochair ar sin tá an optamú den uimhir ban ag roghnú ábhair teicneolaíochta agus eolaíochta a staidéar agus ag roghnú saoil gairme in SET agus chun uimhreacha cuimseacha ban in saoil gairme SET a chur ar aghaidh agus a choiméad chomh maith.

Faoi láthair tá réimse de thionscnaimh á thabhairt faoi chun rannpháirtíocht baineann a mhéadú san innealtóireacht agus chun ionadaíocht na mban i saoil gairme taighde a mhéadú. Go háirithe d'áirigh an Science Foundation Ireland Budget for 2005 €1 milliún comhtháite chun ceisteanna ban in SET research a sheoladh agus tá an Foundation ag forbairt cláir do mhná ag gach leibhéal de shaol gairme taighde faoi láthair.

## Irish Council for Science, Technology and Innovation

Chuir Forfás tacaíocht riaracháin agus taighde ar fáil don Irish Council for Science, Technology and Innovation a chomhairligh an Rialtas agus Bord Forfás ar an treoir straitéiseach den pholasaí eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta (ETN).

I Meitheamh 2004 rinne an uimhir cinnidh maidir le socruithe struchtúrach nua do ETN in Éirinn mar atá molta san ICSTI Commission Report (2002) lena n-áirítear:

- Choiste Chomh-aireachta ar Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht – a tháinig le chéile don chéad uair i bhFeabhra 2005;
- An ceapadh den Chief Science Adviser, an Dr Barry McSweeney a ghlac an post sin suas i Méan Fómhair 2004;
- Coiste Idir-Rannach d'Oifigigh Sinsearacha –a thionóil a chéad crúinniú i Nollaig 2004;
- An Research Funders Group, a chuimsíonn ceannairí de ghníomhaireachtaí maoinithe taighde agus d'oifigigh sinsearacha ó Ranna Rialtais, a chéad cruinniú in Aibreán 2005. Tá sé faoi Chathaoirleach an Chief Science Adviser agus tacaithe ag Forfás; agus
- Tá Comhairle Comhairlithe ar Eolaíocht, Teicneolaíocht & Nuálaíocht le bunú chun geallshealbhóirí ó tionscail agus ó lucht acadúla a bhailiú le chéile chun ceisteanna polasaí eolaíochta fad-téarmach agus méan-téarmach d'Éire a mheas. Bunaíodh an Chomhairle nua i mBealtaine 2005.

I rith 2004 chríochnaigh an ICSTI obair ar na réimsí tosaíochta a leanas agus foilsíodh na Ráiteas tionlactha:

### *National Code of Practice for Managing Intellectual Property from Publicly Funded Research*

D'fhorbair agus d'fhoilsigh Fo-Ghrúpa ICSTI National Code of Practice for Managing Intellectual Property from Publicly Funded Research

Tá cumas trádálacha optamaithe de na torthaí de thaighde maoinithe go poiblí mar eochair ar soirbheas don todhchaí Éire a thiomáint i 2004, agus cumas iomaíochta idirnáisiúnta. In Aibreán chuir an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Mary Harney Uasal, T.D., National Code of Practice for Managing Intellectual Property from Publicly Funded Research ar bun. Tá sé mar aidhm ag an gCód sin tógáil ar saineolas eisiacha agus chun córais bainistíochta maoin intleachta a chomhoiriúnú trasna eagraíochtaí taighde poiblí. Baineann an Cód le maoin intleachta ginte ó thaighde atá maoinithe go hiomlán ó fhoinsí poiblí.

Cuireann an Cod Cleachtais creat oibre ar fáil do chumas trádálacha d'infheistíocht poiblí sa taighde agus forbairt Éireannach tríd treoirlínte a leagadh síos ar:

- Stráiteis bainistíochta MI in eagraíochtaí taighde poiblí;
- An ról agus cúraim den oifig aistrithe teicneolaíocht;
- Nósanna imeachta don aitheantas de chearta maoin intleachta (CMI);
- An oideachas de thaighdeoirí;
- Measúnú, cosaint agus nochtadh de MI;
- Uinéireacht;
- Cumas Trádálacha;
- Roinnt amach de bhuntáistí;
- Rochtain leantach ar MI agus ar ábhair taighde do thaighde leanúnach; bainistiú d'agóid suime; agus
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chomhall eagraíochta taighde poiblí.

### *National Code of Practice for Managing Intellectual Property from Public/Private Collaborative Research*

I rith 2004 d'oibrigh an ICSTI i dtreo forbartha de treoirlínte chun comhoibriú lucht-acadúla-tionscail a chur ar aghaidh.

Ag an seoladh den National Code of Practice, rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ansin, Mary Harney Uasal, T.D., iarrtas ar an gComhairle chun dul faoi ar treoirlínte chun maoin intleachta a bhainistiú ó phoiblí-phríobháideach, comh-mhaoinithe i gcomhpháirtíocht le tionscail, comhlachtaí maoinithe taighde, eagraíochtaí taighde poiblí agus an pobal airgeadais.

### *State Expenditure Priorities for 2005*

Ina Ráiteas, *State Expenditure Priorities for 2005*, leag an ICSTI béim ar an gá ar phlean fad-téarmach do mhaoiniú poiblí de thaighde.

I rith an chuid luath de 2004, d'ullmhaigh an ICSTI comhairle don Rialtas mar ionchur sa phróiseas Measúnaithe agus Buiséid do 2005. Leag an Ráiteas sin, foilsithe in Iúil go mba chóir go dtugtar an deis chun pleananna a dhéanamh don thréimshe tar éis 2006 don phobal taighde a forbraíodh trí straitéisí taighde cúig bhliana ar bhonn an Plean Náisiúnta Forbartha (2000 – 2006). Ba chóir timpeallacht a éascaíonn dearcadh ar théarma níos faide a fhorbairt chun diongbháil a chur ar fáil don chóras taighde agus chun cumas iomaíochta Éire mar shuíomh d'eolaíocht agus d'innealtóireacht scoth domhanda a neartú.

### *Forbairt Inchothaithe*

Measann ráiteas na Comhairle ar Fhorbairt Inchothaithe, foilsithe i Lúnasa, impleachtaí do pholasaí poiblí Éireannach de fhorbairt inchothaithe mar sprioc náisiúnta agus idirnáisiúnta.

I leith suim méadaithe in fhorbairt inchothaithe mar choincept uileghabhálacha i bpolasaithe sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíochta, lorg ICSTI constaicí agus deiseanna a aithint agus moltaí a dhéanamh chun eolaíocht agus teicneolaíocht a chumasú chun tabhairt le borradh inchothaithe níos iomláine. Cheadaigh an scrúdú de staidéar cáis i bhfuinneamh athnuachta, táirgeadh níos glaine, agus talmhaíocht agus coillteoireacht, an Chomhairle chun gníomhartha riachtanacha a aithint agus moltaí ar riachtanais taighde agus forbartha a dhéanamh agus cur i bhfeidhm oibríochta de fheabhsúcháin.

### *Strategic Technology Platforms*

Mar dul i ndiaidh cleachtas an ICSTI Technology Foresight de 1998/1999, scrúdaigh an Chomhairle próisis chun Strategic Technology Platforms a aithint d'Éire mar iarracht chun infheistíocht a stiúradh don todhchaí in eolaíocht agus i dteicneolaíocht.

Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar an gcoinceap agus cuspóir de Strategic Technology Platforms go hidirnáisiúnta. Scrúdaíodh an scópa agus ábhar na ngníomhaíochtaí eisiacha sa bhonn taighde, i dtionscail agus in acmhainní nádúrtha in Éirinn, mar chabhair ar ardáin teicneolaícohta a shainmhiniú agus a aithint. Tionscnaíodh ar mhapáil amach de mhodheolaíocht próisis a aithint agus rinneadh tosaíocht ar ardáin mar sin. Thug an Chomhairle a fhianaise agus eochair moltaí isteach, sa chomhthéacs sin, don Enterprise Strategy Group.

Tugadh an Ráiteas don Aire Micheál Martin i Nollaig 2004.

## Taighde a Mheasúnú agus a Luacháil

Tá measúnú mar eochair uirlis san fhorbairt de chomhairle polasaí agus leanann Forfás ag scrúdú na bearta tacaíochta tosaíochta do thaighde agus do fhorbairt ar tacaíocht de fhorbairt eacnamaíochta.

Is é an measúnú mór á dhéanamh faoi láthair ná an athbhreithniú eatramhach den Science Foundation Ireland (SFI). Bunaíodh an SFI i 2001 chun infheistíocht déanta ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de €646 milliún idir 2001-2006 a bhainistiú d'fhonn cumas taighde láidir a bhunú in Éirinn in biteicneolaíocht agus i dteicneolaíochtaí cumarsáide agus eolais. Tionóladh painéal saineolaithe neamhspleách beag ag Forfás chun tabhairt faoi athbhreithniú a bheidh comhlánaithe faoi lár -2005.

I 2004, thug Forfás faoi trí measúnaithe thábhachtacha eile. Bhain dhá le bearta tacaíochta nuálaíochta tionscal á fheidhniú ag Enterprise Ireland – tacaíochtaí airgeadais do thaighde agus fhorbairt i bhfiontair agus cur chun cinn de naisc méadaitheach idir tionscail agus taighdeoirí in institiúidí ard-oideachais. Bhí an ceann eile ná athbhreithniú den fheidhmiú agus tionchar den European Union's Fifth Framework Programme in Éirinn.

# Nuálaíocht

Tá an tábhacht de nuálaíocht leibhéal-gnólacht á aithint go méadaitheach mar a bheith éigeantach don gheilleagar eolas-bunaithe iomaíoch.

Thug Forfás le cleachtas comhairleora fairsing thar ceann na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta chun ionchur náisiúnta don EU Action Plan for Innovation a fhorbairt.

## *Cumas Ionsúiteacht Teicneolaíocht i bhFiontair Bheaga agus Mheánacha*

D'fhoilsigh Forfás staidéar go luath i 2005 ag measúnú cumas Fiontair Bheaga agus Mheánacha chun eolas laistigh agus lasmuigh den chomhlacht a aithint, a ionsú agus a úsáid. Soiléiríonn an tuarascáil an gá ar bhainistíocht aidhmeannach de nuálaíocht.

Tá sé á siúl ag an staidéar déanta amach ag Forfás cumas de Fhiontair Bheaga agus Mhéanacha Éireannacha a scrúdú le heolas ó lastigh agus ó lasmuigh an gnólachta a ionsú agus a úsáid. Ba é an ranníocht uainiúil den staidéar sin ná a shainmhiniú de chumas ionsúite i leith uimhreacha a chodanna ab fhéidir a aithint, a thagarmharcáil agus a ionchorprú isteach in ionstraim polasaí chun cabhrú le comhall comhlachta a chur ar aghaidh.

D'aimsigh an stáidear go bhfuil an ionsú d'eolas eachtrach mar réimse ina mbíonn gá ar neartú in a lán gnólachtaí. Ba chóir go ndéanfar féidearacht eolas eachtrach a thuiscint agus a aistriú mar dheiseanna gnó de bharr fostú de fheidhmithigh sinsearacha cáilithe ag comhlachtaí dúchasacha, á shaibhriú ag bearta a nua-aimsriú agus a dhéanann proifisúnta bainistíocht comhlachta.

## *Ráiteas ar Nuálaíocht NCC*

I bhFeabhra 2004 d'fhoilsigh an National Competitiveness Council aighneacht don Enterprise Strategy Group dar teideal, Competitiveness through Innovation.

San aighneacht chonclúidigh an Chomhairle go mba chóir tacaíocht do thionscal ón Rialtais a eagrú go méadaitheach timpeall 'braislí' agus 'líonraí' de ghníomhaíochtaí gnó ábhartha. D'áirigh an ráiteas liosta cuimsitheach moltaí chun cultúr nuálaíochta a chur ar aghaidh in Éirinn. Go háirithe, ghlaoigh an Chomhairle ar cruinneas níos mó in infheistíochtaí poiblí i bhforbairt teicneolaíochta agus taighde ar a mbíonn fócas ar roinnt earnálacha nideoige de thábhacht eacnamaíochta straitéiseach.

## *Polasaí Nuálaíochta san Eoraip*

Thug Forfás faoi, thar ceann na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta (RFTF), comhairliú náisiúnta agus tugadh aighneacht isteach ar stádas náisiúnta sa Choimisiún Eorpach mar ionachur ar an 'Action Plan for Innovation in Europe'.

Leag Comhairle na hEorpa Liospóin de Mhárta 2000 an cuspóir amach chun an Eoraip a dhéanamh mar an gheilleagar eolas-bhunaithe níos dinimiciúla ar fud an domhain. Go luath i 2004, thionóil Coimisiúin an AE comhairliú oscailt agus tugadh cuireadh do gheallshealbhóirí san Aontas Eorpach chun tabhairt leis an díospóireacht. Seasann Forfás don RTFT ar an Innovation Policy Forum an Choimisiúin, ag cur ionchur náisiúnta ar fhorbairtí polasaí nuálaíochta Eorpaigh.

### *Foresight for Innovation*

Faoin Uachtaránacht Éireannach den AE, thionóil Forfás ar Chomhdháil, "Foresight for Innovation – Thinking and Debating the Future; Shaping and Aligning Policies" Baile Átha Cliath, 14-15 Meitheamh 2004.

Leag an Foresight Conference béim ar an ról a fhéadfadh staidéir sa todhchaí a imirt in nuálaíocht a mhunlú agus in polasaithe ábhartha a ailiniú. Tá an dá ábhar sin á aithint mar chodanna criticiúla i mborradh agus i bhforbairt a leanúint don Aontas Eorpach agus a Bhallstáit. I Márta 2000, trína Lisbon Strategy, thug an AE sprioc ardaidhmeannach, chun a bheith faoi 2010 mar 'the most competitive and dynamic knowledge-based economy in the world, capable of sustainable economic growth with more and better jobs and greater social cohesion'.

Tá cur ar aghaidh ar an sprioc sin mall go fóill agus tá cuid den iarrachtaí déanamh-cinneadh den Choimisiún Eorpach a bhí dírithe ar thionscnaimh agus bealaí nua chun ard baint amach den Lisbon Strategy. Tá an comhdháil mar iarracht níos mó chun bealaí a thaiscealadh chun spriocanna a fháil amach.

Chlúdaigh an comhdháil réimse an-leathan d'ábhair i dtrí ceardlanna:

- Forbairt Spásúlachta Inchothaithe;
- Réamhfhéachaint do Shochaí Foghlamtha; agus
- Geilleagar Fiontraíoch agus Nuálach.

Bhí an coincheap de shochaí foghlamtha forleatach sna díospóireachtaí de na trí cinn, áfach, agus bhí comhchruinniú i dtreo an gá chun foghlaim a fhorbairt mar an phríomh scil agus inniúlacht i gach gné d'fhorbairt eacnamaíoch agus sóisialta go ceann i bhfad. Chomh maith le sin, bhí céim láidir comhaontaithe gur chóir go n-éireoidh réamhfhéachaint mar eilimint lárnach d'ár ullmhúchán don todhchaí agus go bhfuil an leathnú riachtanach de rochtain ar eolas a bheith éascaithe agus curtha chun cinn chun uasluach a fháil ó na próisis.

## Meabhraíocht Eolaíochta

Riarann Forfás, ar son na hOifige Eolaíochta agus Teicneolaíocht sa Roinn Fiontar, Trádála, an clár chomhtháthaithe náisiúnta um meabhraíocht eolaíochta Discover Science and Engineering (DSE).

Tugann an DSE roinnt ghníomhaíochtaí meabhraíochta eolaíochta réamh-eiseacha le chéile agus bunaíodh é mar fhreagra ar molta an Tascfhórsa ar Eolaíochtaí Fisiceacha.

Is iad cuspóirí an chláir ná:

- Chun an leibhéal meabhraíochta ginearálta de na heolaíochtaí fisiceacha a ardú;
- Chun tuiscint níos mó d'eolaíocht trasna an tsochaí a chur chun cinn;
- An leibhéal de ghlacadh suas mac léinn de na heolaíochtaí fisiceacha ag dara leibhéil agus ag tríú leibhéil a ardú; agus
- Dearcadh dearfach i dtreo gairmeacha san eolaíocht, innealtóireacht agus teicneolaíocht a chur chun cinn

Na tionscnaimh móra de DSE ná:

### *Discover Science Week*

Is é seo ceann de na príomh piléir sa chlár Discover Science & Engineering bliantúil. Soláthraíonn DSE comhordú d'eachtraí ar fud na tíre go léir, socraíonn sé tuairisciú na meáin agus eagraíonn sé roinnt eachtraí bratloinge do Discover Science Week Ireland – an tseachtain eolaíochta náisiúnta. I rith 2004 d'fhás líon na ngníomhaíochtaí Science Week Ireland go níos mó ná 350 eachtra ó 250 sa bhliain roimhe. Eagraítear eachtraí go deonach ag coláistí, scoileanna, leabharlanna, eagraíochtaí agus gnóthaí eolaíochta. Is é an réasúnaíocht do sheachtain eolaíochta náisiúnta ná chun pointe lárnach éagsúil, scaipthe go réigiúnach, suimiúil agus taitneamhach do chur chun cinn eolaíochta d'fhonn suime agus aird phoiblí a uasmhéadú.




*Sa phictiúr ag an seoladh de Science Week Ireland ná Martin Cronin Uasal, Príomh Fheidhmeannach, Forfás; Micheál Martin Uasal, T.D., An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Leo Enright Uasal, Cathaoirleach, Discover Science & Engineering.*

## Discover Primary Science

Thosaigh saol an tionscnaimh seo, forbartha agus treoraithe i 2002 mar 'Primary Science Clubs', a bhunaíodh i níos mó ná 140 bunscoil ar fud na hÉireann. Deartha chun daltaí a chur in aithne d'eolaíocht i slí spórtúil agus idirghníomhach, tá tacaíocht tugtha ag na clubanna do mhúinteoirí sa seachadadh den churaclam Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE) nua.

I 2004, rinneadh ath-bhrandáil ar an tionscadal Primary Science Clubs mar Discover Primary Science agus tá sé ag leathnú a scóip a thuilleadh. Ghlac 550 bunscoil ar fud na hÉireann síntiús chun páirt a ghlacadh i Discover Primary Science don bhliain acadúil do 2004/2005 agus bhí laethanta traenála ar siúl i níos mó ná 40 ionaid óstaigh ar fud na tíre chun a chinntiú go bhfuil múinteoirí dea-deisiúil chun eolaíochta a dhéanamh beo sa seomra ranga. An cuspóir ná go mbeidh an eilimint cláir seo ar fáil do bhunscoileanna go léir faoi dheireadh 2008.



## Teilifís

Bhí an dara sraith de SCOPE ar RTÉ 2 ó Dheireadh Fómhair 2004 go Márta 2005, clár siamsiaíochta eolaíochta. Glacann an clár cur chuige tapaigh agus suimiúil ar éagsúlacht leathan de choincheapa agus prionsabail eolaíochta agus innealtóireachta agus bíonn a lán proifisiúnaigh óga air chomh maith ag cur síos ar a bpoist suimiúla – céimithe eolaíochta nó innealtóireachta iad go léir. Úsáideann an clár leasa déagóirí (ceol, spórt, faisean) chun breathnú ar an eolaíocht agus an innealtóireacht taobh thiar de ghnáth rudaí laethúla. Ag oibriú le chéile sholáthair, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaiochta, RTÉ, IDA Ireland, Enterprise Ireland, InterTradeIreland, Science Foundation Ireland agus FÁS an tacaíocht riachtanach chun SCOPE a dhéanamh rathúil.

## Exploration Station – Irish Children's Museum

An ceangal de ghníomhaíochtaí meabhraíochta sa Discover Science and Engineering Programme geallta ag leibhéal polaitiúil d'eolaíocht agus innealtóireachta agus aithníonn sé an ranníocaíocht riachtanach a dhéanann céimithe ó disciplín eolaíochta agus innealtóireachta do geilleagar na hÉireann. Cuimsíonn an Clár don Rialtas geallta chun tacaíocht a thabhairt don fhorbairt d'ionad idirghníomhach eolaíochta dírithe ar eolas agus suim san eolaíocht a fheabhsú. D'fhógraíodh an fhorbairt d'ionad foghlamtha idirghníomhach 'Exploration Station' le fócas ar an mórchuid eolaíochta agus teicneolaíochta ag an Tánaiste i Nollaig 2003. Síltear go n-osclóidh sé a ndoirse i 2006, beidh an t-ionad deartha go sainiúil chun suim agus corraíl a spreagadh sa domhan d'eolaíocht/innealtóireacht agus teicneolaíocht agus beidh sé suite sa OOP Heuston Gate Development i gCill Mhaighneann i mBaile Átha Cliath.

# The Irish National Accreditation Board (INAB)



**An Dr. Máire C. Walsh**
Cathaoirleach

Is é an Irish National Accreditation Board (INAB) comhlacht náisiúnta na hÉireann laistigh de líonra Eorpach de chomhlachtaí creidiúnaithe le freagracht as creidiúnú de réir na sraithe armónaithe EN 45000 de chaighdeáin Eorpach agus na caighdeáin agus treoir International Organisation for Standardisation (ISO) ábhartha.

INAB, mar an comhlacht náisiúnta don chreidiunú de chomhlachtaí deimhnithe, saotharlanna agus comhlachtaí cigireachta, is ea sínitheoir do na comhaontaithe iltaobhacha don Eoraip trí European co-operation for Accreditation (EA) agus ar fud an domhan trí an International Laboratory Accreditation Cooperation (ILAC) agus an International Accreditation Forum (IAF). Tá príomh ról ag an INAB ag ráthú an rochtain de tháirgí Éireannacha do na margaí AE agus domhanda araon. Cintíonn ballraíocht an INAB do na comhaontaithe idirnáisiúnta seo go bhfuil teastais creidiúnaithe agus torthaí scrúdaithe táirgthe in Éirnn inghlactha ar fud an domhan agus mar thoradh go laghdaíonn siad fálta teicniúla ar thrádáil idirnáisiúnta go mór.

Is é INAB an t-údarás faireacháin reachtúil náisiúnta don OECD Good laboratory Practice (GLP) Scheme faoi I.R. Uimh.4 de 1991 mar a leasaíodh ag I.R. 294 de 1999.

### Greenhouse Gas emissions allowance trading scheme

I 2004 ghlac an INAB i gcomhoibriú leis an Environmental Protection Agency (EPA) an cur i bhfeidhm den fhorbairt pas treorach de scéim creidiúnaithe náisiúnta nua don dheimhniú den greenhouse gas emission allowance trading scheme leagtha amach i dTreoir 2003/87/CE de Phairlimint na hEorpa agus an Chomhairle. Tógann an Treoir seo na geallta den Kyoto Protocol agus an scéim creidiúnaithe nua ag tacú an cur i bhfeidhm den Treoir i bhfeidhm go hiomlán i 2005 san áireamh.

### Comhaontaithe Iltaobhacha

Tháinig INAB ina sínitheoir do na comhaontaithe iltaobhacha den International Accreditation Forum do creidiúnú de chórais bainistíochta timpeallachta agus comhlachtaí deimhnithe táirge i Meán Fómhair 2004. Bhain an INAB aitheantas amach chomh maith i 2004 ag an British Retail Consortium (BRC) do chreidiúnú don BRC Global Standard on Food. Éascaíonn géilleadh an INAB isteach sna haontaithe iltaobhacha seo an margaíocht de tháirgí bia Éireannacha ar fud an domhain.

### Medical Laboratory Accreditation

I 2004 leathnaigh INAB a gclár creidiúnaithe saotharlainne go saotharlanna leighis agus bhronn sé creidiúnú ar dhá saotharlanna do ISO 15189, an caighdéan idirnáisiúnta nua do shaotharlanna leighis. Tá an INAB ag próiseáil iarratais breise do chreidiúnú do ISO 15189 faoi láthair.

## Feidhmeanna INAB

Tá sé feidhmeanna ar leith den INAB, gach ceann ag feidhmiú do chaighdeáin agus/nó rialacháil sainiúla Eorpacha agus idirnáisiúnta.

### Creidiúnú Saotharlainne

Soláthraíonn laboratory accreditation bronnta ag an INAB aitheantas foirmiúil d'inniúlacht na saotharlainne chun tástálacha sainiúla a dhéanamh.

I rith 2004 bhronn an INAB creidiúnú do 9 saotharlann agus tá sé á chothabháil 93 creidiúnaithe saotharlainne faoi láthair. Bhí 18 iarratas ar láimh ag deireadh na bliana. I rith na bliana rinneadh INAB 127 cigireachtaí ar-shuíomh ar shaotharlanna creidiúnaithe/iarrathóra laistigh den Laboratory Accreditation Programme.

### Creidiúnú de Chomhlachtaí Creidiúnaithe

Creidiúnaíonn INAB comhlachtaí deimhnithe ag déanamh deimhniú táirge, deimniú córais cáilíochta agus an deimhniú d'fhoireann. Creidiúnaíonn sé comhlachtaí deimhnithe do chórais bainistíochta timpeallachta freisin do chaighdeáin cosúil leis an sraith EN ISO 14000 agus EMAS – an EU Eco Management and Audit Scheme and Information Security Management Systems (ISMS).

Ag deireadh 2004 choinnigh INAB comhlacht deimhnithe amháin mar sholáthraí seirbhíse deimhnithe don scéim creidiúnaithe rTráchtáil ag tacú an Treoir ar ríomh-Thráchtáil. I 2004 choinnigh INAB trí comhlachtaí deimhnithe do Quality Management Certification, choinníodh an creidiúnú do trí comhlachtaí deimhnithe do Product Certification agus choinníodh creidiúnú comhlacht amháin do Environmental Management Certification. Chreidiúnaigh na comhlachtaí creidiúnaithe seo, ar a seal, níos mó ná 2,000 eagraíochtaí don sraith ISO 9000 de chaighdéain agus níos mó ná 150 eagraíochtaí do ISO 14001 faoi chreidiúnú INAB.

## Accreditation of Attestors and Attestation Bodies

Is é atá i bhfianú ná an scrúdú de na coinníollacha faoina lorgaítear forthairiscintí do chonarthaí móra táirgthe ag na hearnálacha uisce, fuinnimh, iompair nó teileachumarsáide (áigiúlachtaí). Tá critéir an chreidiunaithe faoi réir an European Standard EN 45603 agus rialacháin INAB.

## Accreditation of Inspection Bodies

Creidiúnaíonn INAB comhlachtaí a d'fhéadfadh a obair an scrúdú d'ábhair, tháirgí, feistiúchán, gléasra, próisis, módhanna oibre, nó seirbhísí agus an deimhniú dá adhmháil le riachtanais agus an tuairisciú ina dhiaidh sin de thorthaí na gníomhaíochtaí seo a chuimsiú. Ag deireadh 2004 bhí an creidiúnú de trí comhlachtaí cigireachta coinnithe ag an INAB agus bhí dhá iarratais ar láimh.

## Good Laboratory Practice

Is é INAB an t-údarás faireacháin náisiúnta don chigireacht agus don dheimhniú do Good Laboratory Practice (GLP) faoi I.R. Uimh.4 de 1991 European Communities (GLP) Regulations. Ag deireadh 2004 bhí GLP Compliance Statements faoin gclár seo ag cúig áiseanna tástála.

## National Competent Body for EMAS

Is é INAB an comhlacht comharthaithe forásach in Éirinn don chlárú de shuímh ag glacadh páirt sna cláir creidiúnaithe bainistíochta timpeallachta (EMAS). I rith 2004 choinnigh INAB ocht eagraíochtaí cláraithe don EMAS a fhuair a gcórais bainistíochta timpeallachta deimhnithe ag EMAS cláraithe de réir an Eco Management and Audit Scheme leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 de Phairlimint na hEorpa agus na Comhairle.

## Baill an Bhoird INAB 2003-2004

**An Dr Máire C. Walsh, Cathaoirleach**
Ceimiceoir Stáit, Saotharlann Stáit

**An tUasal Tom Beegan**
Príomh Oifigeach Feidhmiúchán,
Health and Safety Authority

**An tUasal Donal Byrne**
Iar Leas-Uachtarán, 3Com

**An tUasal Paul Kelly**
Stiúthóir, Building Materials Federation IBEC

**An Dr Fiona Kenny**
Consultant Microbiologist, Sligo General Hospital

**An tUasal Iain Maclean**
Iar Stiúrthóir, Environmental Protection Agency (EPA)

**An tUasal Michael Maloney**
Stiúthóir Gairneoireachta, Bord Bia

**An tUasal Pat O'Mahony**
Príomh Oifigeach Feidhmiúchán,
The Irish Medicines Board

**An tUasal Joanie Burns**[4]
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

**An tUasal Richard Howell**[4]
Cigire Talmhaíochta, An Roinn Talmhaíochta agus Bia

**An Dr John O'Brien**[4]
Príomh Fheidhmeannach,
Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann

**An tUasal David Moore**[5]
Cigire, Rannóg Comhshaoil
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

**An Dr Tom Teehan**[5]
Príomh Chigire, An Roinn Talmhaíochta

**An tUasal Tom Dempsey (ex-Officio)**
Príomh Fheidhmeannach, INAB

*4 Appointed September 2004*

*5 Retired June 2004*

# Dualgais Reachtúla

## Baill Boird

De réir Treoirlínte na Roinne Airgeadais do Ghníomhaireachtaí Stáit, cláraíonn Baill an Bhoird Forfás a leasa i gnóthais eile leis an Rúnaí ar a gceapachán agus i rith a thréimhse oifige.

## An t-Acht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an t-Acht um Chaighdéain in Oifigí Poiblí, 2001

De réir forálacha an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus an Achta um Chaighdéain in Oifigí Poiblí 2001, déanann Baill Boird Forfás ráitis suime gach bliain don Rúnaí agus tá cóipeanna soláthartha do Rúnaí an Choimisiúin, Standards in Public Office Commission.

Ina theannta, ghéill baill foirne Forfás le poist comharthaithe leis an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise

Le héifeacht ó Eanáir 2001, tá Forfás clúdaithe ag na forálacha de na hAchtanna um Shaoiráil Faisnéise. Bhunaigh na hAchtanna seo trí cearta reachtúla nua:

- ceart dlíthiúil do gach duine teacht ar eolas coinnithe ag comhlachtaí poiblí;
- ceart dlíthiúil do gach duine eolas oifigiúil coinnithe ag comhlacht poiblí bainteach leis/leí féin leasaithe nuair nach bhfuil sé críochnaithe, ceart nó míthreorach a bheith acu right; agus
- ceart dlíthiúil chun cúiseanna a fháil do chinntí a chuireann isteach ort fhéin tógtha ag comhlacht poiblí.

Ó 2001 d'fhreagair Forfás do roinnt iarratais um Shaoráil Faisnéise.

## Comhionannas

Tá Forfás geallta do pholasaí de dheiseanna comhionanna agus uchtaíonn sé cur chuige dearfach do chomhionannas san eagraíocht. Feidhmíonn Forfás roinnt scéimeanna, ag soláthair foireann le roghanna maidir lena riachtanais gairme agus pearsanta a shroicheadh, ar nós roinnt-poist, saoire staidéir, clár oideachasúla agus briseadh gairme.

D'fhorbraíodh polasaí ar Protection of Dignity at Work i 2003.

## Acht um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit), 1988

Tá struchtúir comhairleacha an Fo-Bhoird curtha in áit ag Forfás chun cumarsáide agus struchtúr comhairleach na heagraíochta a thacú. Tá fáilte curtha roimh an Joint Participation Forum, a thíonólann go míosúil, mar phróiseas dearfach ag an mbainistíocht agus ag an bhfoireann araon.

## An t-Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas, 1989

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (1989), d'ullmhaigh Forfás ráiteas sábháilte a chuimsíonn na gnéithe go léir a chuireann isteach ar leas na foirne agus an chuairteora. Rinneadh nuachóiriú ar seo go luath i 2005.

## Cairt Cliaint

Rinne Forfás nuachóiriú ar a gCairt Chliant i 2004 (foilsithe ar dtús i 2000) ag leagadh amach a ngeallta d'ard chaighdéain seirbhíse dá gcliaint agus don phobail ginéarálta. Áiríonn an Chairt seo modh chun déileáil le gearáin. Ní bhfuarthas aon ghearáin i 2004.

## Éifeachtacht Fuinnimh

Iarrann Forfás na maoine is éifeachtaí agus is cairdiúla don chomhshaol ó thaobh an fuinneamh de atá ar fáil a úsáid i gach ceantar ábhartha d'úsáid fuinnimh agus seirbhísí dá bhfoirgnimh.

## An t-Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 mar a leasaíodh ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Late Payment in Commercial Transactions) Eorpacha 2002.

**Leasaíodh an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 (an t-Acht), a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Late Payment in Commercial Transactions) Eorpacha 2002.**

Tá na cleachtais íocaíochta Forfás, mar a iarradh ag an Acht, tuairiscithe thíos don bhliain dár gcríoch 31 Nollaig 2004.

(a) Is é polasaí Forfás a chinntiú go bhfuil sonraisc go léir íoctha go pras. Tá modhanna sainiúla in áit a ligeann dó sonraisc go léir a leanúint agus a chinntiú go bhfuil íocaíochtaí déanta roimh an dáta dlite. Tá sonraisc cláraithe go laethiúil mar atá ag teastáil chun íocaíochtaí prasa a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmeann an córas smacht inmheánach smachta agus modhanna dá leithéid a meastar le bheith riachtanach chun géilleadh leis an Acht a chinntiú. Áiríonn córas smachta inmheánach na heagraíochta smachta cuntasaíochta agus ríomhaire deartha chun an t-aitheantas de shonraisc agus conarthaí le haghaidh íochaíochta laistigh de na dátaí íocaíochta ordaithe sainmhínithe ag an Acht seo a chinntiú. Tá na smachta seo deartha chun árachas réasúnta, agus ní fíor árachais, i gcoinne neamh-ghéilleadh ábhartha leis an Acht. Táirgeann Roinn na gCuntas tuarascáil a aithníonn sonraisc nach bhfuil íoctha go fóill agus déantar athbhreithniú ar an dtuarascáil seo go rialta.

Tá an bainistíochta sásta gur ghéill Forfás le forálacha an Achta i dtaobh gach gné ábhartha.

Ní raibh aon fhorbairtí ábhartha ó 1 Eanáir 2005.

.

04

# Comhairlí Comhairleacha agus Struchtúr Bainistíochta Forfás



1 **Martin Cronin**
*Príomh Fheidhmeannach*









4



7



5



8

## Rannóg um Polasaí Fiontraíochta agus Seirbhísí Corparáideacha

2 **Brian Cogan**
*Stiúrthóir Feidhmiúcháin*

3 **Marie Bourke**
*Roinn um Shuirbhéanna Fiontraíochta, Airgeadas agus Cáin*

4 **Martin Craig**
*An Roinn Cuntasaíochta*

5 **Maria Ginnity**
*Roinn Polasaí Fiontraíochta agus Cumarsáidí*

6 **Eamonn Kearney**
*An Roinn Córais*

7 **Michael O'Leary**
*An Roinn Acmhainní Daonna*

8 **Ignatius Rossi**
*An Roinn Áiseanna*





10



11



12

## An Rannóg Iomaíochais

9 **Andrew McDowell**
*An Rannóg Iomaíochais*

10 **Adrian Devitt**
*An Roinn Iomaíochais Náisiúnta*

11 **Eoin Gahan**
*An Roinn Rialúcháin, Polasaí Tomhaltóra agus Bonneagair*

12 **Martin Shanahan**
*Expert Group on Future Skills Needs*


13


14


16


15


17

## Rannóg Meabhraíochta Eolaíochta agus Polasaí Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta

**13** **Helena Acheson**
*An Roinn Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta agus Meabhraíochta Eolaíochta*

**14** **Seamus Bannon**
*Na Ranna Suirbhéanna ETN agus Polasaí Nuálaíochta Náisiúnta agus AE*

**15** **Peter Brabazon**
*Discover Science and Engineering Awareness Programme*

**16** **Michael Fitzgibbon**
*An Roinn Meastóireachta*

**17** **Declan Hughes**
*An Roinn um Polasaí Teicneolaíochta agus Eolaíochta Náisiúnta agus AE*


18

## Oifig an Rúnaí

**18** **Michael O'Leary**
*Rúnaí*


19

## Irish National Accreditation Board

**19** **Tom Dempsey**
*Bainisteoir*
*Irish National Accreditation Board*

**Ms Mary Cryan**
Cathaoirleach



# Advisory Council on Science, Technology & Innovation

*Tá cúramaí an Irish Council for Science Technology and Innovation (ICSTI) mar a bhí, glactha anois ag an Advisory Council on Science, Technology & Innovation.*

## Cathaoirleach

| | |
|---|---|
| Mary Cryan Uasal | Cryan Associates |

## Baill

| | | |
|---|---|---|
| An Dr. Leonora Bishop | Comhairleoir | |
| An Dr. Dolores Cahill | Stiúrthóir, Centre for Human Proteomics | Royal College of Surgeons in Ireland |
| An tUasal Ian Cahill | Stiúrthóir, National Institute of Technology Management | NovaUCD; Cathaoirleach, LM Ericsson Ltd. |
| An tUasal Martin Cronin | Príomh Fheidhmeannach | Forfás |
| An tOllamh Donald Fitzmaurice | Ollamh ar Nanacheimic | Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath |
| An tOllamh Tom McCarthy | Príomh Fheidhmeannach | Irish Management Institute |
| An tOllamh Anita R. Maguire, | Ollamh ar Cheimic Orgánach | Ollscoil na hÉireann, Corcaigh |
| An tOllamh Timothy O'Brien | Stiúrthóir, Clár Teiripe Ghéine | Institiúid um Leigheas Athghiniúnach, An tIonad Náisiúnta um Eolaíocht Innealtóireachta Bithmhíochaine agus Ollamh ar Leigheas agus Inchríneolaí Comhairleach, OÉ Gaillimh |
| An Dr. Siobhán O'Sullivan | Stiúrthóir Eolaíochta | Comhairle Bitheitice na hÉireann |
| An Dr. Ena Prosser | Páirtí | Fountain Healthcare Partners |
| An Dr. Reg Shaw | Stiúrthóir Bainistíochta | Wyeth Ireland |

**Dr. Edward M. Walsh**
Cathaoirleach



# Irish Council for Science Technology and Innovation

## Cathaoirleach

| | | |
|---|---|---|
| An Dr. Edward M. Walsh | President Emeritus | Ollscoil Luimnigh |

## Baill

| | | |
|---|---|---|
| An Dr. Leonora Bishop | Comhairleoir | Chiroxia Ltd. |
| Mary Burke Uasal[6] | Stiúrthóir Bainistíochta | BioClin Research Laboratories |
